AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.10.2022
COM(2022) 528 final

ANNEXES 1 to 4

# IARSCRÍBHINNÍ

***a ghabhann leis an***

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Teachtaireacht 2022 maidir le beartas an Aontais um Méadú**

{SWD(2022) 332 final} - {SWD(2022) 333 final} - {SWD(2022) 334 final} - {SWD(2022) 335 final} - {SWD(2022) 336 final} - {SWD(2022) 337 final} - {SWD(2022) 338 final}

GA GA

# IARSCRÍBHINNÍ

***a ghabhann leis an***

## TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

## Teachtaireacht 2022 maidir le beartas an Aontais um Méadú

## Iarscríbhinn 1 - Achoimrí ar thorthaí na dtuarascálacha

### Montainéagró

Maidir leis **na critéir pholaitiúla**, lean na teannais pholaitiúla, an deighilt iomlán ó thaobh tuairimí de, an easpa teagmháil dhearfach idir na páirtithe polaitiúla agus an teip teacht ar chomhréiteach maidir le hábhair ríthábhachtacha a bhfuil leas náisiúnta ag baint leo ar aghaidh agus ba chúis iad le titim dhá rialtas achrannacha de bharr vótaí mímhuiníne.De dheasca na luaineachta polaitiúla, na neamhsheasmhachta rialtais agus na dteannas laistigh de na tromlaigh rialtais, , rinneadh difear d'fheidhmiú ceart na n-institiúidí Montainéagrócha agus cuireadh moill ar phróisis chinnteoireachta agus ar chur chun feidhme athchóirithe. Bhí na príomhchomhlachtaí breithiúnais, lena n-áirítear an Chúirt Bhunreachtúil, ag feidhmiú i gcomhdhéanamh neamhiomlán toisc nach raibh an Pharlaimint in ann comhaltaí nua a thoghadh, agus dá dheasca sin, baineadh an bonn óna bhfeidhmiú ceart. Ó lár mhí Mheán Fómhair, ní raibh an Chúirt Bhunreachtúil in ann a ról a chomhlíonadh de dheasca nach raibh córam aici, rud a chuir leis an neamhchinnteacht pholaitiúil.

Bhí tionchar ag an teacht ar Chomhaontú Bunúsach le hEaglais Cheartchreidmheach na Seirbia ar an atmaisféar polaitiúil agus géaraíodh ar an teannas dá dheasca. Tríd is tríd, theip ar na rialtais agus ar an bParlaimint a léiriú sa chleachtas go raibh siad gafa maidir leis an gclár oibre athchóirithe a bhaineann leis an Aontas.

Ní fhacthas aon dul chun cinn maidir le hathchóiriú cuimsitheach ar an gcreat toghchánaíochta, dlí agus institiúideach, lena n-áirítear maidir leis na moltaí ón Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine de chuid na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, i ndiaidh an mhisin bhreathnóireachta i leith thoghcháin pharlaiminteacha 2020. Ní raibh an Coiste Parlaiminteach um athchóiriú cuimsitheach toghchánaíochta ag feidhmiú ó mhí an Mheithimh go mí na Samhna 2021 agus níor tháinig sé le chéile ach dhá uair in 2022, sular tháinig a shainordú chun deiridh i mí Iúil 2022. Tharla toghcháin áitiúla i gcúig bhardas. I mí na Bealtaine 2022, ghlac an Pharlaimint leasuithe ar an Dlí maidir le Féin-Rialtas Áitiúil, lena gceadaítear go reáchtálfaí na toghcháin uile a bhí fágtha in 2022 ar an lá céanna. I mí Iúil, mheasúnaigh an Chúirt Bhunreachtúil go raibh na leasuithe sin míbhunreachtúil. Tá freagra institiúideach atá iontaofa, neamhspleách agus éifeachtach i leith ‘scéal an chlúdaigh litreach’ mar a thugtar air fós le háirithiú.

Maidir le hobair na Parlaiminte, chonacthas baghcait ón móramh rialtais agus ón bhfreasúra, athruithe rialtais agus athrú Cathaoirligh faoi dhó lena linn. Cuireadh isteach go mór ar phróiseas déanta na reachtaíochta. Níorbh ann d’idirphlé polaitiúil iontaofa ná teagmháil dhearfach ag na páirtithe polaitiúla d’fhonn cuntasacht pharlaiminteach agus formhaoirseacht rialtais a mhéadú. Ba cheart comhar idir an Rialtas agus an Pharlaimint a rialáil tuilleadh chun rannpháirtíocht na Parlaiminte sa phróiseas aontachais, agus a formhaoirseacht air, a mhéadú.

Lean an Pharlaimint lena cuid trédhearcachta a neartú, trí roinnt seirbhísí dírithe ar shaoránaigh a bhunú. Ní mór cumas na Parlaiminte a mhéadú chun saincheisteanna comhionannas inscne a chomhtháthú agus formhaoirseacht a dhéanamh orthu.

Aithnítear ról **na sochaí sibhialta** agus cuirtear chun cinn é, cé go gcaithfear an creat reatha dlí agus institiúideach a fheabhsú tuilleadh chun na sásraí comhairliúcháin agus comhair idir

institiúidí stáit agus an tsochaí shibhialta a neartú i gcomhthéacs an phróisis aontachais leis an Aontas.

Tá Montainéagró go measartha ullmhaithe maidir le **riarachán poiblí a athchóiriú**. Ar an iomlán, rinneadh dul chun cinn teoranta lena n-áirítear an straitéis nua 2022-2026 maidir le hathchóiriú ar an riarachán poiblí. Os a choinne sin, iarmhairtí atheagrú an riaracháin phoiblí agus na leasuithe ar an Dlí maidir le státseirbhísigh agus fostaithe stáit a glacadh in 2021, bhí siad fós le brath, le hathruithe foirne, caillteanas eolais ar ábhair a bhaineann leis an bpróiseas aontachais agus moill fhoriomlán ar dhlús na n-athchóirithe. Is cúis imní é na riachtanais laghdaithe a thugtar isteach leis na leasuithe sin maidir le hearcaíocht atá bunaithe ar fhiúntas, le hinniúlacht agus le neamhspleáchas na státseirbhíseach. Thairis sin, dhéanfaí leis na dréacht-leasuithe ar an Dlí maidir le féin-rialtas áitiúil na riachtanais den sórt sin ag an leibhéal áitiúil a laghdú ar an dul céanna. Tá leasuithe ar an Dlí maidir le rochtain ar fhaisnéis fós le glacadh ag an bParlaimint. Tá línte cuntasachta éifeachtacha laistigh den riarachán fós le bunú. Tá toil láidir pholaitiúil de dhíth chun aghaidh éifeachtach a thabhairt ar earcaíocht atá bunaithe ar fhiúntas, optamú an riaracháin stáit agus cuntasacht bhainistíochta a chur chun feidhme.

Tá Montainéagró fós measartha ullmhaithe maidir lena **chóras breithiúnais**. Baineadh dul chun cinn teoranta amach tríd is tríd le linn na tréimhse tuairiscithe. Níl dul chun cinn á dhéanamh maidir le príomh-athchóirithe breithiúnais. Tharla ceapacháin bhreithiúnacha áirithe a raibh coinne leo le fada, ach tá roinnt eile, lena n-áirítear don Chúirt Bhunreachtúil (a n-éilítear tromlach cáilithe sa Pharlaimint dóibh) fós ar feitheamh. Tá ábhair imní ann go fóill maidir leis an bhfeidhmíocht institiúideach agus maidir le comhdhlúthú na gComhairlí Breithiúnacha agus Ionchúisimh. Tá an cuntas teiste maidir le cuntasacht bhreithiúnach fós teoranta. Ní mór neamhspleáchas éifeachtach, sláine, cuntasacht agus gairmiúlacht na mbreithiúna a neartú tuilleadh, lena n-áirítear tríd an gcreat bunreachtúil agus dlíthiúil ábhartha a chur chun feidhme agus trí bhíthin athruithe reachtacha a ghlacadh i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha. Ní mór éifeachtúlacht na mbreithiúna a neartú freisin. Tá glacadh straitéise nua chun líonra na mbreithiúna a chuíchóiriú fós ar feitheamh, agus tá cur chun feidhme na straitéise TCF do na breithiúna ar feitheamh chomh maith. Leanann Montainéagró le dul chun cinn a dhéanamh maidir le coireanna cogaidh a láimhseáil.

Rinneadh roinnt ullmhúcháin i Montainéagró sa **troid in aghaidh an éillithe**. Baineadh amach dul chun cinn teoranta le linn na tréimhse tuairiscithe, agus níor baineadh amach moltaí na bliana seo caite ach go páirteach. Tháinig feabhas breise ar an gcuntas teiste maidir leis an éilliú a chosc, go háirithe de bharr na treochta dearfaí in obair na Gníomhaireachta Frith-Éilliithe. Caithfear níos mó a dhéanamh, áfach, chun sláine, neamhchlaontacht agus cuntasacht na Gníomhaireachta a áirithiú, agus chun a cuid torthaí inláimhsithe agus muinín an phobail a fheabhsú, i gcomhréir leis na moltaí ón misean piar-athbhreithnithe a rinneadh in 2021. Chun freagairt cheartais choiriúil inchreidte a léiriú, ní mór do Mhontainéagró a chuntas teiste maidir le himscrúduithe, ionchúisimh agus ciontuithe deiridh a fheabhsú sa troid in aghaidh an éillithe, lena n-áirítear an t-éilliú ardleibhéil. Thairis sin, ní mór an creat dlí agus institiúideach a fheabhsú i gcomhréir le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha, lena n-áirítear i gcomhréir le húsáid éifeachtach imscrúduithe airgeadais agus gabhálaithe sócmhainní agus coigistiú sna cásanna sin. Teastaíonn measúnuithe riosca spriocdhírithe agus gníomhaíocht tiomanta ó na hearnálacha is leochailí don éilliú.

Rinneadh roinnt ullmhúcháin i Montainéagró/tá sé measartha ullmhaithe maidir leis **an troid in aghaidh na coireachta eagraithe**. Rinneadh roinnt dul chun cinn maidir le haghaidh a thabhairt

ar mholtaí na bliana seo caite, go háirithe a mhéid a bhaineann le héifeachtúlacht imscrúduithe coiriúla. Athbhunaíodh lánúsáid na mbeart imscrúdúcháin speisialta. Le hathruithe reachtacha, tugadh coimircí isteach in aghaidh tionchar polaitiúil ar cheapadh nó ar dhífhostú Stiúrthóir na bpóilíní. Cruthaíodh clár úinéireachta tairbhiúla. Cuireadh feabhas ar an gcreat riaracháin maidir le hairm tine agus glacadh straitéis nua maidir le sceimhlitheoireacht, sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc. Gabhadh roinnt príomhdhaoine de chuid grúpaí coireachta eagraithe, agus urghabháladh an líon drugaí ba mhó riamh arís eile. Seoladh an chéad fhoireann chomhpháirteach um imscrúdú le tríú tír. Tá líon na gciontuithe críochnaitheacha i gcásanna coireachta eagraithe ag dul i méid. Mar sin féin, ní mór an cuntas teiste a neartú maidir le cinntí cúirte i dtaca leis an smuigleáil tobac agus sciúradh airgid, úsáid imscrúduithe airgeadais agus na hinniúlachtaí chun fáltais na coireachta a choigistiú. Tá Montainéagró fós le haghaidh a thabhairt ar roinnt easnamh córasach atá go forleathan ina chóras ceartais choiriúil, lena n-áirítear an bealach a láimhseáiltear cásanna coireachta eagraithe sna cúirteanna. Beidh gá le beartas níos díspreagthaí maidir le pionóis a ghearradh lena aghaidh sin, mar aon le hathbhreithniú a dhéanamh ar úsáid na margálacha pléadála i gcásanna coireachta eagraithe agus tromchúisí.

Tá Montainéagró measartha ullamh sa réimse a bhaineann le **cearta bunúsacha**. Tá an creat dlí agus institiúideach bunaithe den chuid is mó, agus leanann Montainéagró dá chuid oibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine a chomhlíonadh. Teastaíonn iarrachtaí breise, áfach, chun é a chur chun feidhme ina iomláine. Maidir leis **an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh**, baineann Montainéagró leis as timpeallacht iolraíoch mheán cumarsáide agus tá roinnt ullmhúcháin déanta aige. Ní dhearnadh ach dul chun cinn teoranta maidir le moltaí na bliana seo caite. Cuireadh feabhas ar an gcreat dlíthiúil maidir le hiriseoirí agus oibrithe eile sna meáin a chosaint, a bhuí le leasuithe a glacadh ar an gCreat Coiriúil lena leagtar síos pionóis dhochta i leith ionsuithe agus bagairtí in aghaidh iriseoirí agus i leith cosc nó bac a chur orthu a gcuid oibre a dhéanamh. Is ábhar imní é áfach easpa na mbeart leantach breithiúnach éifeachtach maidir le sean-chásanna tábhachtacha. Tá athbhreithniú an chreat dlíthiúil agus dréachtú straitéise nua maidir leis na meáin fós ar feitheamh, chun a áirithiú go bhfuil siad comhsheasmhach le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha ábhartha eile agus ag teacht go hiomlán leo. Tá iarrachtaí leanúnacha ag teastáil chun dul in aghaidh na bréagaisnéise agus chun éifeachtaí an chiaptha agus na fuathchainte ar líne a theorannú, gan an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a theorannú go díréireach. Lean an craoltóir poiblí RTCG le hábhar a tháirgeadh a bhí cothrom agus éagsúil ón taobh polaitiúil de. Bhí deighilt mhór sna meáin i gcónaí ó thaobh tuairimí polaitiúla de, agus chuir an t-iomaíochas méadaithe ó mheáin réigiúnacha mhóra strus breise ar mhargadh na meán áitiúil.

Maidir leis **na critéir eacnamaíocha**, rinne Montainéagró **dul chun cinn maith** agus táthar **measartha ullamh** i dtaobh geilleagar margaidh feidhmiúil a fhorbairt. Tar éis cúlú eacnamaíochta tobann in 2020, chonacthas teacht aniar láidir in 2021 agus lean an geilleagar ag fás go seasta sa chéad leath de 2022 de réir mar a chuir baint na srianta COVID-19 leis an éileamh intíre agus seachtrach. De bharr an athshlánaithe, bhí ann d'ioncaim mhéadaithe agus feabhas an-mhór ar chomhardú an bhuiséid. Tá drochiarmhairtí chogadh na Rúise in aghaidh na hÚcráine teoranta go dtí seo, d'ainneoin an méid suntasach a chuir an dá thír sin le turasóireacht Mhontainéagró sna laethanta atá thart. Á spreagadh ag praghsanna domhanda tráchtearraí, tháinig méadú suntasach ar bhoilsciú. Ghlac an rialtas clár athchóirithe fioscaigh uaillmhianach (dá ngairtear 'Eoraip Nua') chun an t-athshlánú iar-phaindéime a thacú agus rinne sé bearta spreagtha fioscaigh lena laghdaítear an t-ualach ar theaghlaigh a eascraíonn as praghsanna

fuinnimh agus bia. Laghdaigh éagothroimí seachtracha go suntasach a bhuí le teacht aniar na turasóireachta, agus thosaigh staid an mhargaidh saothair ag dul i bhfeabhas, fiú má tá ann fós d'fhadhbanna struchtúracha. D'fhan an córas baincéireachta seasmhach agus níor tháinig méadú suntasach ar iasachtaí neamhthuillmheacha in 2022 tar éis don mhoratóir ar iasachtaí dul in éag in 2021, ar moratóir é a glacadh i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19.

Rinneadh **roinnt dul chun cinn** agus **ullmhúchán measartha** i Montainéagró chun déileáil le brú iomaíoch agus fórsaí margaidh laistigh den Aontas Eorpach. D'oibrigh an dá rialtas dheireanacha chun feabhas a chur ar inniúlachtaí nuálaíochta agus chun bonn a leagan síos i gcomhair aistriú glas agus digiteach chun táirgeacht chúng Mhontainéagró a éagsúlú. Go háirithe, táthar i mbun tionscadail teileachumarsáide agus fuinnimh nua-aoiseacha a chur sa tsiúil. Tá bearnaí bonneagair fós ann áfach, mar tá inniúlachtaí riaracháin agus airgeadais na tíre chun infheistíochtaí móra poiblí a chur chun feidhme fós teoranta. Tá dúshláin iomadúla fós os comhair an chórais oideachais, de dheasca easpa leanúnach iarchéimithe eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice. Ina theannta sin, an breisluach íseal a ghabhann le táirgí intíre, méid beag na gcuideachtaí áitiúla agus rannpháirtíocht íseal in onnmhairí, is constaicí iad sin maidir le táirgeacht agus iomaíochas cuideachtaí áitiúla a mhéadú.

Maidir le **caidreamh maith comharsanachta agus comhar réigiúnach**, coinníonn Montainéagró caidreamh déthaobhach maith i gcoitinne le tíortha eile i mbun aontachais sa réigiún agus le Ballstát de chuid an Aontais sa chomharsanacht, arna léiriú ag comhar agus roinnt cuairteanna ardleibhéil. Tá an caidreamh leis an Seirbia fós dúshlánach ach tá an dá thaobh ag léiriú toilteanais an caidreamh a athbhunú agus oibriú i dtreo aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna oscailte. Glacann Montainéagró páirt ghníomhach i gcoitinne i gcomhar réigiúnach.

Maidir le **cumas Mhontainéagró na hoibleagáidí a bhaineann le ballraíocht san Aontas Eorpach** a thabhairt air féin, lean an tír leis an obair ar ailíniú le *acquis* an Aontais i roinnt réimsí, ach ba theoranta an dul chun cinn a rinneadh.

Tá an bhraisle maidir leis **an margadh inmheánach** an-tábhachtach i dtaobh ullmhúcháin Mhontainéagró i gcomhair riachtanais an Aontais sa réimse seo agus tá sí an-ábhartha maidir le comhtháthú luath leis an gCómhargadh Réigiúnach agus chun é a fhorbairt. Tá na naoi gcaibidil ar fad ar oscailt, agus tá tagarmharcanna scoir fós le comhlíonadh i ngach ceann acu. Rinneadh dul chun cinn i dtaobh roinnt réimsí laistigh den bhraisle, go háirithe maidir leis na réimsí seo a leanas: (i) faireachas margaidh, creidiúnú agus caighdeánú; (ii) dlús a chur le cumas na Gníomhaireachta Fostaíochta i leith líonra Eorpach na seirbhísí fostaíochta; (iii) ailíniú leanúnach leis an Treoir Seirbhísí; (iv) reachtaíocht ar chuntasaíocht; (v) ailíniú *acquis* maidir le cearta maoine intleachtúla agus (vi) trédhearcacht Státchabhrach agus státchabhair neamhdhleathach a athshlánú trí ordú. Tharla dul chun cinn freisin maidir le hearnáil bhaincéireacht Mhontainéagró, agus le hailíniú reachtach i ndáil le cosaint tomhaltóirí agus maidir le reachtaíocht chur chun feidhme a ghlacadh i dtaobh cosaint sláinte.

Tá naisc shuntasacha ag an mbraisle **iomaíochais agus fáis chuimsithe** agus na hathchóirithe lena mbaineann le clár athchóirithe eacnamaíochta Mhontainéagró. Tá na hocht gcaibidil uile ar oscailt, gan tagarmharcanna clabhsúir leagtha síos ach i ndá cheann acu, eadhon Caibidil 25 (eolaíocht agus taighde) agus Caibidil 26 (oideachas agus cultúr) atá druidte go sealadach. Tá tagarmharcanna clabhsúir le comhlíonadh sna sé chaibidil eile. Baineadh roinnt dul chun cinn amach i réimsí éagsúla, eadhon maidir le hailíniú leis an Treoir maidir le Costas Leathanbhanda

a Laghdú, maidir le reachtaíocht chánach agus le comhar riaracháin agus le comhar comhpháirteach. Tharla dul chun cinn freisin maidir le cur chun feidhme breise an bheartais thionsclaíoch athbhreithnithe. I gcodarsnacht leis sin, ba mhall an dul chun cinn a rinneadh maidir le haontachas leis an gCoinbhinsiún maidir le Nós Imeachta Comhchoiteann um Earraí faoi Bhealach, maidir le gníomhaíochtaí cur chun feidhme a bheartaítear i straitéis éascú trádála 2018-2022, agus leis an bplean gníomhaíochta le haghaidh ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le beartais eacnamaíocha agus airgeadaíochta.

Tá braisle **an chláir oibre ghlais agus idirnascachta inbhuanaithe** i gcroílár an Chláir Ghlais do na Balcáin Thiar agus dlúth-nasctha le clár athchóirithe eacnamaíochta Mhontainéagró le Plean Eacnamaíochta agus Infheistíochta an Choimisiúin. Tá na ceithre chaibidil ar fad ar oscailt, agus tá tagarmharcanna clabhsúir le comhlíonadh i ngach ceann acu. Rinneadh roinnt dul chun cinn maidir le margadh fuinnimh lá roimh ré a chruthú agus maidir le ullmhú do bhallraíocht sa Mheabhrán Tuisceana maidir le Rialú Stát an Chalafoirt. Ní raibh mórán dul chun cinn maidir leis an straitéis forbartha iompair a athbhreithniú agus a chur chun feidhme; maidir le bainistíocht uisce agus maidir le tuairisciú ar an athrú aeráide a fheabhsú.

Cuimsíonn an bhraisle **maidir le hacmhainní, talmhaíocht agus comhtháthú** beartais atá nasctha le cistí struchtúracha an Aontais agus le cumas a fhorbairt chun go mbeifeá in ann freagrachtaí ábhar Ballstáit a thabhairt air féin. Cuimsíonn sí freisin roinnt de na príomhréimsí beartais chun córais bhia inbhuanaithe a áirithiú agus chun pobail tuaithe a chuidiú forbairt agus éagsúlú ón taobh eacnamaíoch de. Tá na cúig chaibidil ar fad ar oscailt, agus tá tagarmharcanna clabhsúir le comhlíonadh i ngach ceann acu. Baineadh dul chun cinn amach i réimsí éagsúla, go háirithe sna réimsí talmhaíochta, bia agus iascaigh, a raibh tacaíocht bhreise iontu do bhunaíochtaí talmhaíochta agus do chuideachtaí bia tuaithe chun ailíniú le caighdeáin an Aontais, agus chun IPARD a chur chun feidhme. Rinneadh roinnt dul chun cinn maidir le forálacha airgeadais agus buiséadacha trí chomhordú agus bainistíocht feabhsaithe ar acmhainní dílse.

Maidir le braisle **na gcaidreamh seachtrach** tá Caibidil 30 dúnta go sealadach ag Montainéagró agus tá an tagarmharc clabhsúir aonair as Caibidil 31 fós le comhlíonadh. Choinnigh Montainéagró an t-ailíniú iomlán le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais, lena n-áirítear le bearta sriantacha an Aontais tar éis gníomh ionsaithe na Rúise in aghaidh na hÚcráine, gníomh gan chúis. Déanann sé a chuid seasamh a chomhordú le seasaimh an Aontais, lena n-áirítear laistigh den EDT agus coinníonn sé comhar maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta ar bun. Is féidir dul chun cinn a thabhairt ar aird maidir le glacadh an Dlí maidir le hearraí dé-úsáide a rialú, i gcomhréir le *acquis* an Aontais, agus daingniú Chomhaontú Saorthrádála Lár na hEorpa, Prótacal Breise 6. Tá pátrúin vótála Mhontainéagró maidir leis an gcibearchoireacht ag na Náisiúin Aontaithe ag teacht go hiomlán leis an seasamh a ghlacann an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát. I réimse **an imirce**, shínigh Montainéagró mapa bóithre comhair leis an Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann anois), agus tháinig Montainéagró isteach i nGréasán Imirce na hEorpa, líonra saineolaithe imirce agus tearmainn, mar chomhalta breathnóireachta. Laghdaíodh an méid ama chun iarratais ar thearmann a phróiseáil. Níl beartas víosaí Mhontainéagró go hiomlán ag ailíniú le beartas víosaí an Aontais agus níl an clár saoránachta d'infheisteoirí druidte go fóill, d'ainneoin moltaí agus gealltanais roimhe seo. Tá Montainéagró ar an bpáirtnéir sna Balcáin Thiar a bhfuil an líon is mó náisiúnaigh Úcránach á n-óstáil aige, ar bhonn comhréireach. Ghlac sé cinneadh lena dheonaítear cosaint shealadach bliana amháin ar dhaoine i mbun teitheadh ón

Úcráin, faoina bhfuil níos mó ná 5 552 Úcránach, ar mná agus leanaí iad a bhformhór, cláraithe go dtí seo.

### An tSeirbia

Maidir leis **na critéir pholaitiúla**, ghlac gach gníomhaí polaitiúil páirt sna toghcháin pharlaiminteacha luatha an 3 Aibreán 2022, as a tháinig Parlaimint níos iolraíche. Bhí deighilt mhór ann i gcónaí áfach ón taobh polaitiúil de agus sna meáin, agus bhí lámh in uachtar i gcónaí ag Páirtí Forásach na Seirbia (SNS) agus ag an Uachtarán atá in oifig. Úsáideadh friotal maslach i gcónaí in aghaidh céilí comhraic polaitiúla, sa Pharlaimint agus le linn an fheachtais toghchánaíochta araon. Roimh na toghcháin, ghlac raon mór gníomhaithe polaitiúla páirt san Idirphlé Idir-Pháirtithe, arna éascú ag Parlaimint na hEorpa.

Reáchtáladh an toghchán uachtaránachta agus an toghchán luath parlaiminteach i mí Aibreáin 2022 ar bhealach síochánta agus socair agus rinneadh saoirsí bunúsacha a urramú don chuid is mó. Thug breathnóirí idirnáisiúnta roinnt laigí faoi deara áfach. De réir na tuarascála deiridh ón Misean Breathnóireachta Toghcháin Idirnáisiúnta, ba é an toradh a bhí as na laigí sin go raibh páirc mhíchothrom ann do na hiarrthóirí a bhí in oifig cheana féin. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfear chun feidhme na moltaí nua agus na moltaí atá ann cheana ón Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine agus ó chomhlachtaí de chuid Chomhairle na hEorpa, ar bhealach trédhearcach, i bhfad roimh aon toghchán nua agus le rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta tar éis dul i gcomhairle leo.

Tháinig Parlaimint nua a bhí níos iolraíche le chéile an 1 Lúnasa 2022. De dheasca moilleanna suntasacha maidir le torthaí na dtoghchán a thabhairt chun críche, níor tharla aon ghníomhaíocht Pharlaiminte, seachas oirniú an Uachtaráin, ar feadh tréimhse 5 mhí. Ghlac an Pharlaimint roimhe seo páirt dhearfach san Idirphlé Idir-Pháirtithe agus i ndáil leis na bearta a sainaithníodh ann a chur chun feidhme. Baineadh leas as nósanna imeachta práinneacha timpeall is 9 % den am. Ní mór an cód iompair a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí chun friotal maslach agus míchuí a chosc sa Pharlaimint agus pionós a ghearradh ina leith.

Tá iarrachtaí breise fós de dhíth chun comhar córasach a áirithiú idir an rialtas agus **an tsochaí shibhialta**. Ní mór timpeallacht a chruthú ar an talamh fós chun go mbeifear in ann eagraíochtaí na sochaí sibhialta a fhorbairt agus a mhaoiniú, toisc gur leanadh leis na hionsaithe ó bhéil agus leis na feachtais mhíchlú in aghaidh eagraíochtaí den sórt sin.

Tá an tSeirbia go measartha ullmhaithe maidir le **riarachán poiblí a athchóiriú**. Ní dhearnadh ach dul chun cinn teoranta sa réimse seo le linn na tréimhse tuairiscithe, nuair a tosaíodh ar an gcreat straitéiseach nua a chur chun feidhme. Maidir le bainistíocht acmhainní daonna, líontar leath de phoist na mbainisteoirí sinsearacha ar bhonn gníomhach go fóill. A mhéid a bhaineann le forbairt agus comhordú beartas, níl sásra ann go fóill chun a fhíorú an ndearnadh barúlacha na Rúnaíochta Beartas Poiblí a áireamh i ndréacht-leaganacha deiridh dlíthe agus doiciméad beartais a cuireadh isteach le ceadú rialtais a fháil. Maidir le bainistíocht airgeadais phoiblí, tá beart fós ag teastáil chun an moladh a chur chun feidhme ina iomláine maidir le sásra amháin chun tosaíocht a thabhairt do gach infheistíocht gan beann ar chineál agus foinse an mhaoinithe.

Rinneadh roinnt ullmhúcháin maidir le **córas breithiúnach** na Seirbia. Baineadh roinnt dul chun cinn amach le linn na tréimhse tuairiscithe, tríd is tríd. Ghlac an tSeirbia céim thábhachtach i dtreo cuntasacht agus neamhspleáchas na mbreithiúna a neartú, le faomhadh na leasuithe

ábhartha ar an mBunreacht i mí Feabhra 2022, mar aon leis an dlí bunreachtúil lena leagtar amach na céimeanna agus na spriocdhátaí maidir lena gcur chun feidhme. Chuathas i gcomhairle le Coimisiún Vín faoi dhó le linn an phróisis dréachtaithe. Fuarthas go raibh próiseas na gcomhairliúchán poiblí cuimsitheach agus trédhearcach go leor. Tugadh aghaidh ar an gcuid is mó de mholtaí sonracha Choimisiún Vín. Foráiltear sna leasuithe gurb inniúlacht de chuid Chomhairle na hArdbhreithiúna sa todhchaí nó de chuid Ardchomhairle na nIonchúisitheoirí é gach ceapachán breithiúna (seachas an tArd-Ionchúisitheoir todhchaíoch), rud a mhéadaíonn na coimircí in aghaidh tionchar polaitiúil a d’fhéadfaí a imirt. Chun éifeacht phraiticiúil a thabhairt do na leasuithe bunreachtúla, ní mór an reachtaíocht cur chun feidhme ábhartha a ghlacadh ag an gcéad chéim eile. De réir an dlí bhunreachtúil, ba cheart an reachtaíocht a ghlacadh laistigh de 1 bhliain amháin i gcás dlíthe breithiúnacha agus laistigh de 2 bhliain chun an reachtaíocht ábhartha eile ar fad a ailíniú. Bunaíodh dhá mheitheal saineolaithe (ceann d’ionchúisitheoirí, ceann eile do na cúirteanna) i mí Aibreáin 2022 agus cuireadh de chúram orthu an reachtaíocht chur chun feidhme a dhréachtú. Tugadh chéad tacar dréacht-dhlíthe breithiúnacha chun críche i mí Mheán Fómhair 2022 agus roinneadh le Coimisiún Vín é chun go bhfaighfí tuairim uaidh. Glacadh an straitéis nua um acmhainní daonna agus an plean cur chun feidhme i mí na Nollag 2021. Tá an cur chun feidhme ar feitheamh.

Rinneadh roinnt ullmhúcháin sa tSeirbia maidir leis an **troid in aghaidh an éillithe**. Baineadh roinnt dul chun cinn amach le linn na tréimhse tuairiscithe, lena n-áirítear maidir le moltaí na bliana seo caite. Cuireadh chun feidhme an moladh maidir leis an éilliú a chosc freisin, agus tháinig Grúpa na Stát in aghaidh an Éillithe de chuid Chomhairle na hEorpa (GRECO) ar an gconclúid i mí an Mhárta 2022 gur tugadh aghaidh ar na laigí a sainaithníodh roimhe sin le glacadh na leasuithe ar an Dlí maidir leis an éilliú a chosc, agus gurbh leor é chun an creat a neartú a bhfuil mar aidhm aige coinbhleachtaí leasa a chomhrac i measc comhaltaí den Pharlaimint, breithiúna agus ionchúisitheoirí. Tá an tSeirbia fós le straitéis frith-éillithe agus plean gníomhaíochta a ullmhú, agus le sásra comhair éifeachtach a bhunú chun cuspóirí beartais maidir le cosc agus toirmeasc a fheidhmiú agus dul i ngleic go díograiseach leis an éilliú. Bhí méadú beag ann ar líon na ndíotálacha agus na gciontuithe críochnaitheacha céadchéime i gcásanna éillithe ardleibhéil. Ba cheart don tSeirbia dlús a chur leis an éilliú a chosc agus a thoirmeasc. Go háirithe, ba cheart di coigistiú deiridh sócmhainní a bhaineann leis na cásanna sin a mhéadú. Teastaíonn measúnuithe riosca spriocdhírithe agus gníomhaíochtaí tiomanta ó na hearnálacha is leochailí don éilliú.

Rinneadh roinnt ullmhúcháin sa tSeirbia maidir leis **an troid in aghaidh na coireachta eagraithe**. Rinneadh dul chun cinn teoranta le linn na tréimhse tuairiscithe. Bhí méadú ar líon na n-imscrúduithe agus na gciontaithe deiridh in 2021 i gcomparáid le 2020, ach bhí laghdú ar líon na ndíotálacha agus na gciontaithe céadchéime. Is teoranta fós líon na gcásanna a bhaineann le gabháil agus coigistiú deiridh sócmhainní. Ní chuirtear coigistiú go fadtéarmach i bhfeidhm go córasach. Tháinig feabhas ar leibhéal na tuisceana agus ar leibhéal an chur chuige imscrúdaithe, agus ba cheart go mbeadh torthaí níos fearr ann dá bharr sin amach anseo. Ba cheart don tSeirbia bogadh ó chur chuige bunaithe de réir an cháis chuig straitéis in aghaidh eagraíochtaí coiriúla, agus ó bheith dírithe ar chásanna a bhfuil tábhacht bheag nó mheánach ag baint leo go cásanna a bhfuil ard-phróifíl acu, chun críche eagraíochtaí atá scaipthe go hidirnáisiúnta a dhíchóimeáil agus sócmhainní a ghabháil.

Tá creat dlí agus institiúideach na Seirbia faoina chosnaítear **cearta bunúsacha** i bhfeidhm a bheag nó a mhór. Ghlac an tSeirbia straitéisí nua maidir le frith-idirdhealú agus cuimsiú na

Romach, chomh maith le pleananna gníomhaíochta maidir le comhionannas inscne agus cuimsiú na Romach. Bhí pleananna gníomhaíochta, agus maoiniú bainteach, i réimsí eile ar feitheamh i mí Iúil 2021 (foréigean in aghaidh na mban) agus i mí Aibreáin 2022 (frith-idirdhealú; dí-institiúidiú) agus tá siad dlite thar téarma. Tá níos mó iarrachtaí ag teastáil chun an Dlí maidir leis an gcóras pleanála a chomhlíonadh, lena éilítear go nglactar le pleananna gníomhaíochta laistigh de thrí mhí ónar glacadh na straitéisí gaolmhara. Ní mór don tSeirbia a chuid institiúidí um chearta an duine a neartú trí bhíthin na hacmhainní riachtanacha airgeadais agus daonna a leithdháileadh agus trí na nósanna imeachta a chur ar bun chun comhlíontacht a áirithiú le bearta na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, lena n-áirítear bearta eatramhacha. I mí Mheán Fómhair 2022, óstáladh Eurabhród den chéad uair sna Balcáin Thiar, i mBéalgrád. Cuireadh cosc ar bhealach Eurabhróid, agus bhí neamhchinnteacht ag baint leis an mórshiúl go dtí an nóiméad deireanach. Mhaígh na húdaráis go raibh ábhair sábháilteachta i gceist a bhain le grúpaí i bhfad amach ar an eite dheis a thug bonn dá gcinneadh. Cuireadh cosc freisin ar léirsiú frith-Eurabhróid agus, frith-Iarthair freisin. Reáchtáladh mórshiúl an 17 Meán Fómhair 2022, feadh bealach níos giorra, gan mórán teagmhas. Chosain líon ard póilíní é, ach tuairiscíodh roinnt teagmhas foréigin in aghaidh na rannpháirtithe fiú féin. Chonacthas sa tréimhse roimh an mórshiúl éiginnteacht dhlíthiúil agus pholaitiúil. Bhí an chumarsáid ó na húdaráis frithráiteach, le fógraí ardleibhéil go gcuirfí cosc ar an mórshiúl amach is amach agus cosc ina dhiaidh sin a d’eisigh an Aireacht Ghnóthaí Baile maidir le bealach an mhórshiúil. Thug polaiteoirí ardleibhéil eile aitheasc uatha roimh Comhdháil Eurabhróid ar Chearta an Duine agus thionóil siad fáiltiú ina diaidh. Cé gur choinnigh na húdaráis i dteagmháil leis na heagraithe chun teacht ar réiteach, d’fhan siad neamhcheangailteach maidir le dul ar aghaidh an mhórshiúil gan cead oifigiúil.

Maidir le **saoirse tuairimí a nochtadh**, ní dhearnadh aon dul chun cinn sa tréimhse tuairiscithe. Lean an dá mheitheal um shábháilteacht iriseoirí de theacht le chéile. I roinnt cásanna d’ionsaithe agus de bhagairtí, ghníomhaigh na póilíní agus an t-ionchúisitheoir go pras, a bhuí leis an gcomhar a éascaíodh trí na grúpaí sin chomh maith. Is ábhar imní fós é áfach na cásanna de bhagairtí agus d’fhoréigean in aghaidh iriseoirí agus ní mór an timpeallacht fhoriomlán maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a chleachtadh gan bhac a neartú a thuilleadh sa chleachtas. Bhí moilleanna méadaithe ar chur chun feidhme na straitéise maidir leis na meáin chumarsáide, rud a rinne difear do na bearta is tábhachtaí fiú, amhail an Dlí maidir le faisnéis phoiblí agus na meáin chumarsáide agus an Dlí maidir leis na meáin leictreonacha. I mí Iúil 2022, dhámh an Comhlacht Rialála um na Meáin Leictreonacha (REM) ceithre mhinicíocht náisiúnta, go ceann 8 mbliana, ar na cainéil chéanna teilifíse a fuair ceann sa tréimhse roimhe, ar lena linn a bhfuair gach ceann acu rabhaidh ó REM de bharr go ndearnadh a gcuid oibleagáidí dlíthiúla a shárú. Foilsíodh glao ar 5 cheadúnas i mí Lúnasa 2022; ba cheart an próiseas a láimhseáil ar bhealach trédhearcach, agus prionsabal iolrachas na meán á urramú, ar prionsabal é atá sa Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc. Ina thuarascáil deiridh an 19 Lúnasa 2022 ar thoghcháin mhí Aibreáin, fuair ODIHR gur ‘chlúdaigh na craoltóirí poiblí náisiúnta gníomhaíochtaí feachtais na n-iarrthóirí uile ar bhealach cothrom ach thug siad clúdach nuacht neamhchriticiúil leathan d’oifigigh phoiblí a bhí freisin ina n-iarrthóirí. Chuir na meáin chraolacháin phríobháideacha a bhfuil clúdach náisiúnta acu an feachtas toghchánaíochta i láthair gan mórán ionchur eagarthóireachta agus dhírigh siad a gclúdach nuachta ar oifigigh stáit.’ Fuair ODIHR ‘d'ainneoin a shainchúram maoirseacht a dhéanamh ar na meáin chraolacháin, d’fhan REM éighníomhach ar an iomlán le linn an fheachtais.’

Maidir leis **na critéir eacnamaíocha**, tá an tSeirbia idir leibhéal maith agus leibhéal measartha ullmhúcháin agus tá roinnt dul chun cinn déanta aici maidir le geilleagar margaidh feidhmiúil a

fhorbairt. Tar éis cúngú a bhí éadrom go leor in 2020, tháinig geilleagar na Seirbia ar ais chuige féin in 2021, agus tharla roinnt luasmhoillithe ina dhiaidh sa dara leath de 2022. Tar éis laghdú teacht orthu in 2020, thosaigh neamhchothromaíochtaí seachtracha ag leathnú sa dara chuid de 2021, go háirithe de dheasca allmhairithe arda fuinnimh. Tháinig borradh faoin mboilsciú ar phraghsanna tomhaltóra sa dara leath de 2021, de dheasca ar an mórgóir praghsanna fuinnimh agus bia, agus thosaigh an banc ceannais ag teannadh a sheasaimh bheartais i bhfianaise sin. Rinneadh seasmhacht san earnáil bhaincéireachta a choinneáil agus d’fhan an fás san iasachtú láidir d’ainneoin céimniú amach na mbeart chun leachtacht a fheabhsú. Cabhraíodh le teacht aniar an gheilleagair agus leis an laghdú ar bhearta tacaíochta feabhas a chur ar an gcomhardú buiséid in 2021, d’ainneoin méadú breise ar chaiteachas caipitil. Léiríodh leis an méadú beag ar an ráta dífhostaíochta in 2021 go háirithe rannpháirtíocht mhéadaithe sa mhargadh saothair mar chuid den teacht aniar tar éis ghéarchéim COVID-19.

Tharla roinnt dul chun cinn maidir le hathchóirithe riaracháin chánach agus maidir le fiontair faoi úinéireacht stáit a phríobháidiú. Lean hathchóirithe móra eile struchtúracha ar an riarachán poiblí agus ar rialú fiontar faoi úinéireacht an stáit le dul ar aghaidh go mall, rud a chuir fad le neamhéifeachtúlachtaí atá ann le fada agus a chuir le brú fioscach. Ní fhacthas aon dul chun cinn maidir le rialacha fioscacha a neartú chun bonn agus taca a chur faoin mbeartas fioscach. Tá tionchar láidir ag an stát ar an ngeilleagar fós, tá easpa forbartha ar an earnáil phríobháideach agus tá laigí sa smacht reachta, go háirithe an t-éilliú agus neamhéifeachtúlacht bhreithiúnach, agus i gcur chun feidhme an iomaíochais chóir ag cur isteach ar an earnáil chomh maith. Níor cuireadh moltaí na bliana seo caite chun feidhme ach i bpáirt.

Rinneadh roinnt dul chun cinn agus **ullmhúchán measartha sa tSeirbia chun déileáil le brú iomaíoch agus fórsaí margaidh laistigh den Aontas Eorpach**. Tháinig tuilleadh feabhais ar an ngeilleagar agus lean an comhtháthú eacnamaíoch leis an Aontas de bheith ard. Mar sin féin, gan beann ar roinnt dul chun cinn, ní fhreastalaíonn cáilíocht agus oiriúnacht an oideachais agus na hoiliúna go hiomlán ar riachtanais an mhargaidh saothair. Tá infheistíocht phoiblí ag dul i méid fós agus é mar aidhm léi aghaidh a thabhairt ar na bearnaí móra bonneagair tar éis na mblianta de fho-infheistíocht. Tá roinnt dúshlán fós os comhair fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), lena n-áirítear páirc imeartha mhíchothrom i gcomparáid le cuideachtaí móra agus infheisteoirí eachtracha. Níor cuireadh moltaí na bliana seo caite chun feidhme ach i bpáirt.

Maidir leis **an dea-chaidreamh idir chomharsana agus an comhar réigiúnach**, bhí an tSeirbia tiomanta tríd is tríd don chaidreamh déthaobhach le tíortha is iarrthóirí eile, le hiarrthóirí féideartha eile agus le Ballstáit chomharsanachta an Aontais. Tá an teannas sa chaidreamh leis an gCróit ag éirí níos mó i rith an ama, agus feictear achrann polaitiúil ó am go chéile. Tá an caidreamh le Montainéagró fós dúshlánach ach léirigh an dá thaobh toilteanas an caidreamh a athbhunú agus oibriú i dtreo aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna oscailte. Glacann an tSeirbia páirt ghníomhach i gcoitinne i gcomhar réigiúnach.

Lean an Idirbheartaíocht atá á éascú ag an Aontas **maidir leis an gcaidreamh leis an gCosaiv a normalú**, i rith na tréimhse tuairiscithe le cruinnithe míosúla tráthrialta ag leibhéal na bPríomh-Idirbheartaithe agus Cruinniú Ardleibhéil sa Bhruiséil an 18 Lúnasa 2022. Níor baineadh amach dul chun cinn coincréiteach breise amach san idirbheartaíocht maidir le comhaontú normalaithe cuimsitheach agus atá ceangailteach de réir dlí, ach d’aontaigh an tUachtarán Vučić agus Príomh-Aire Kurti, ag cruinniú Ardleibhéil, go dtionólfaí cruinnithe rialta ag leibhéal na gCeannairí chun na cainteanna a thabhairt chun cinn. Moltar go láidir don Chosaiv agus don tSeirbia teagmháil fhóinteach a dhéanamh le chéile agus an idirbheartaíocht a chur

chun cinn maidir leis an gcomhaontú normalaithe cuimsitheach a bheidh ceangailteach de réir dlí gan a thuilleadh moille. Tá sé ríthábhachtach teacht ar chomhaontú den chineál sin ar bhonn práinne ionas go mbeidh an tSeirbia agus an Chosaiv in ann dul chun cinn a dhéanamh ar a gconairí faoi seach chun ballraíocht san Aontas a bhaint amach.

Maidir le **cumas Mhontainéagró na hoibleagáidí a bhaineann le ballraíocht san Aontas Eorpach a thabhairt uirthi féin**, lean an tír leis an obair ar ailíniú le *acquis* an Aontais i roinnt réimsí, go háirithe maidir le dlí na gcuideachtaí, cearta maoine intleachtúla, taighde agus nuálaíocht agus rialú airgeadais.

Tá an bhraisle maidir leis **an margadh inmheánach** an-tábhachtach i dtaobh ullmhúcháin Mhontainéagró i gcomhair riachtanais an Aontais agus tá sé an-ábhartha maidir le comhtháthú luath leis an gCómhargadh Réigiúnach agus chun é a fhorbairt. Rinneadh dul chun cinn maidir le roinnt réimsí laistigh den bhraisle, go háirithe maidir le hailíniú reachtach le dlí na gcuideachtaí; saoirse ghluaiseachta d'oibrithe trí chórais slándála sóisialta a chomhordú; agus ailíniú reachtach maidir le saorghluaiseacht earraí.

Tá naisc shuntasacha ag an mbraisle maidir le **hiomaíochas agus fás cuimsitheach** agus le Clár Athchóirithe Eacnamaíochta na Seirbia. Rinneadh dul chun cinn i dtaobh roinnt réimsí laistigh den bhraisle seo, go háirithe maidir leis na réimsí seo a leanas: beartas sóisialta agus fostaíocht trí chéimeanna i dtreo an scéim Ráthaíochta don Aos Óg a bhunú; beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta trí fheabhas a chur ar an bpróiseas buiséadach; beartas fiontar tionsclaíochta trí phlean gníomhaíochta don straitéis maidir le húinéireacht stáit agus bainistíocht eintiteas faoi úinéireacht Phoblacht na Seirbia, agus tairseach ríomhsheirbhísí a chruthú; forbairt eolaíochta agus teicneolaíochta tríd an straitéis nua maidir le héiceachóras a fhorbairt do ghnólachtaí nuathionscanta; agus oideachas trí chéimeanna chun comhlíontacht an chórais dearbhaithe cáilíochta san ardoideachas leis na moltaí ón gCumann Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas (ENQA) a áirithiú.

Tá braisle **an chláir oibre ghlais agus idirnascachta inbhuanaithe** i gcroílár an Chláir Ghlais do na Balcáin Thiar[1] agus dlúth-nasctha le clár athchóirithe eacnamaíochta na Seirbia le Plean Eacnamaíochta agus Infheistíochta an Choimisiúin[2]. Osclaíodh an bhraisle agus gach caibidil lena mbaineann i mí na Nollag 2021, tar éis don tSeirbia na riachtanais a bhí fágtha a chomhlíonadh, eadhon pleananna gníomhaíochta maidir le stoic ola agus le díchuachadh gáis. Baineadh amach dul chun cinn teoranta tríd is tríd cé is moite de na líonraí Tras-Eorpacha, lenar chuaigh an tSeirbia ar aghaidh maidir lena bonneagar a uasghrádú, agus oibreacha ag tosú ar an idirnascaire gáis idir an tSeirbia agus an Bhulgáir, tionscadal a bhfuil tábhacht mhór ag baint leis don tSeirbia agus don Eoraip araon.

Cuimsíonn an bhraisle **maidir le hacmhainní, talmhaíocht agus comhtháthú** beartais atá nasctha le cistí struchtúracha an Aontais agus le cumas a fhorbairt chun go mbeifeá in ann freagrachtaí ábhar Ballstáit a thabhairt air féin. Cuimsíonn sé freisin roinnt de na príomhréimsí beartais chun córais bhia inbhuanaithe a áirithiú agus chun pobail tuaithe a chuidiú forbairt agus éagsúlú ón taobh eacnamaíoch de. Tá dhá cheann de chúig chaibidil ar oscailt (Caibidil 13 agus Caibidil 33), agus tá tagarmharcanna clabhsúir le comhlíonadh i ngach caibidil. Mheasúnaigh an Coimisiún gur baineadh amach na tagarmharcanna tosaigh do Chaibidil 11 agus do Chaibidil 22, cé go bhfuil ar an tSeirbia gach ceann de na tagarmharcanna tosaigh do Chaibidil 12 fós le baint

[1] SWD(2020) 223 final.
[2] COM(2020) 641 final.

amach aici. Baineadh dul chun cinn teoranta amach i roinnt réimsí, e.g. clár IPARD III do 2021-2027 a chur isteach; an dlí maidir le táirgí cosanta plandaí a ghlacadh agus a chur chun feidhme; gnólachtaí bia agus gnólachtaí ina láimhseáiltear fotháirgí ainmhithe a aicmiú; forálacha airgeadais agus buiséadacha maidir le bunréimsí beartais a bhaineann le feidhmiú ceart an chórais acmhainní dílse; agus beartas réigiúnach a mhéid a bhaineann le bainistíocht airgeadais.

Maidir leis an mbraisle i ndáil le **caidreamh seachtrach** , tá an tSeirbia fós lena haontachas leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála a thabhairt chun críche, ar ceann de na tagarmharcanna tosaigh é do Chaibidil 30. Ba cheart don tSeirbia staonadh ó bhearta aontaobhacha trádála a thabhairt isteach gan réamhchomhairliúchán leis an gCoimisiúin, i gcomhréir lena cuid oibleagáidí SAA. Tar éis don Rúis an Úcráin a ionsaí gan chúis gan údar, níor ailínigh an tSeirbia í féin le bearta sriantacha an Aontais in aghaidh na Rúise agus le formhór na nDearbhuithe ón Ardionadaí thar ceann an Aontais ar an ábhar sin. Thit ráta ailínithe na Seirbia mar sin le dearbhuithe ábhartha de chuid an Ardionadaí thar ceann an Aontais agus le Cinntí ón gComhairle dá bhrí sin ó 64 % in 2021 go 45 % i mí Lúnasa 2022. Chuathas in aghaidh seasaimh eachtracha de chuid an Aontais le roinnt gníomhaíochtaí agus ráiteas de chuid na Seirbia. Tá coinne leis, mar ábhar tosaíochta, go gcomhlíonfaidh an tSeirbia a gealltanas agus í féin a ailíniú le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais, lena n-áirítear bearta sriantacha an Aontais, i gcomhréir leis an gcreat idirbheartaíochta idir an Aontas agus an tSeirbia.

Lean an tSeirbia de bheith ag rannchuidiú le sreafaí **imirce** measctha i dtreo an Aontais a bhainistiú trí dhul i gcomhar go héifeachtach lena cuid comharsan agus le Ballstáit de chuid an Aontais. Leanadh leis na hiarrachtaí lóistín a chur ar fáil do líon substaintiúil náisiúnaigh tríú tír, agus lena n-óstáil le tacaíocht ón Aontas. Chinn an tSeirbia an 17 Márta 2022 cosaint shealadach a dheonú do náisiúnaigh de chuid na hÚcráine, ar náisiúnaigh iad a theith ó chogadh na Rúise in aghaidh na hÚcráine, go ceann 1 bhliain amháin. Lean sí den straitéis um bainistiú comhtháite teorainneacha a chur chun feidhme go héifeachtach. Níor ghlac an tSeirbia aon chéimeanna chun ailíniú le riachtanais víosaí tríú tíortha, go háirithe na tríú tíortha sin lena mbaineann rioscaí imirce neamhrialta nó slándála don Aontas, mar a mholtar sa tuarascáil mhí Lúnasa 2021 ar shásra lena gcuirtear tarscaoileadh víosaí ar fionraí de chuid an Choimisiúin.

## An Mhacadóin Thuaidh

Chonacthas sa tréimhse tuairiscithe tréaniarrachtaí, as a thosaigh tús an phróisis idirbheartaíochta maidir le haontachas. Ócáid stairiúil ab ea an chéad Chomhdháil Idir-rialtasach a tionóladh i mí Iúil 2022 agus tosaíodh léi céim nua sa phróiseas aontachais leis an Aontas don Mhacadóin Thuaidh. Bhí aitheantas soiléir ann maidir le tiomantas na Macadóine Thuaidh athchóirithe a bhaineann leis an Aontas a chur chun feidhme.

Maidir leis na **critéir pholaitiúla**, lean an Mhacadóin Thuaidh lena cuid iarrachtaí an daonlathas agus an smacht reachta a neartú, d'ainneoin roinnt dúshlán. Léirigh an tír a tiomantas leanúint le torthaí a sholáthar i bpríomhréimsí de chuid na hábhair is tábhachtaí. Tharla toghcháin áitiúla i mí Dheireadh Fómhair 2021. Mheasúnaigh Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine de chuid na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip go raibh siad iomaíoch agus gur urramaíodh go forleathan saoirsí bunúsacha. Rinneadh dul chun cinn teoranta le linn na tréimhse tuairiscithe áfach maidir leis na moltaí atá fós amach a rinne Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine de chuid ESCE agus Coimisiún Vín. Mar a luadh sna tuarascálacha roimhe seo, ba cheart an reachtaíocht toghchánaíochta a athbhreithniú go

cuimsitheach chun aghaidh a thabhairt ar neamhréireanna agus ní mór na dlíthe ábhartha a ghlacadh ar bhealach tráthúil, cuimsitheach agus trédhearcach, i bhfad roimh na chéad toghcháin eile. Maidir leis sin, ní mór do na húdaráis dlús a chur lena gcuid iarrachtaí agus toil pholaitiúil a léiriú chun an próiseas toghchánaíochta a fheabhsú tuilleadh.

Cuireadh isteach go mór ar **obair na Parlaiminte** de dheasca na deighilte móire ón taobh polaitiúil de, rud a chuir moill ar ghlacadh go leor píosaí reachtaíochta. Tar éis diandíospóireachtaí, ghlac an Pharlaimint conclúidí maidir leis an togra lenar éascaíodh oscailt na hidirbheartaíochta aontachais. Ba cheart don Pharlaimint ról gníomhach agus dearfach a imirt sa phróiseas idirbheartaíochta maidir le haontachas leis an Aontas. Ní mór iarrachtaí comhpháirteacha agus prasa mar thosaíocht chun ról na Parlaiminte a neartú mar fhóram i gcomhair an idirphlé pholaitiúil dhearfaigh, go háirithe maidir le clár athchóirithe an Aontais. Gheall an Pharlaimint agus an rialtas go seolfadh siad agus go mbainfeadh siad amach na hathruithe bunreachtúla ábhartha mar ábhar tosaíochta, d’fhonn a áireamh sa Bhunreacht saoránaigh a bhfuil cónaí orthu ar theorainneacha an stáit. Tá gá le pleanáil agus comhairliúcháin chuí chun nósanna imeachta meara a theorannú chun foráil do ghrinnscrúdú éifeachtach agus chun dul i gcomhairle maidir le reachtaíocht. Ba cheart go ndéanfaí formhaoirseacht ar an rialtas trí cheisteanna parlaiminteacha a dhéanamh go táthrialta. Ba cheart na moltaí maidir le hathchóiriú inmheánach na Parlaiminte a comhaontaíodh le linn an tríú babhta den ‘Idirphlé Jean Monnet’ go luath in 2020 a chur chun feidhme gan a thuilleadh moille. Leanadh le freagracht choiriúil a bhunú maidir leis na daoine a bhí taobh thiar den fhoréigean agus a rinne é san ionsaí ar an bParlaimint an 27 Aibreán 2017, lena n-áirítear fíoraisc dara céime. Lean an rialtas leis an obair ar chlár athchóirithe an Aontais agus le haghaidh a thabhairt ar iarmhairtí phaindéim COVID-19 agus an chogaidh san Úcráin. Tá gá le hiarrachtaí cinntitheacha chun dlús a chur le hathchóirithe agus gabháil ar aghaidh sa phróiseas idirbheartaíochta ar aontachas leis an Aontas. Teastaíonn go ndírítear go háirithe ar go n-áirithítear cur chun feidhme éifeachtach na reachtaíochta atá ann faoi láthair seachas tionscnaimh ad hoc a sheoladh. D’fhan an caidreamh idir-eitneach seasta agus leanadh de Chreatchomhaontú Ohrid a chur chun feidhme.

Lean **eagraíochtaí na sochaí sibhialta** le feidhmiú i dtimpeallacht chumasúcháin, lena n-áirítear le glacadh na straitéise um chomhar leis an tsochaí shibhialta agus lena forbairt 2022-2024. Bhí ról tábhachtach go fóill ag an tsochaí shibhialta i bpróisis chinnteoireachta agus maidir le faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an stáit. Tá gá le hiarrachtaí, áfach, chun feabhas a chur ar an trédhearcacht sa chinnteoireacht agus ar uilechuimsitheacht na bpróiseas comhairliúcháin. Is gá feabhas a chur ar na creataí dlíthiúla agus ar na creataí airgeadais fós agus is gá iad a chur chun feidhme sa chleachtas.

Chuir an Mhacadóin Thuaidh athchóiriú cuimsitheach ar a cuid **seirbhísí faisnéise chun feidhme.** Is gá don tír a hinniúlacht maidir le formhaoirseacht pharlaiminteach a neartú, áfach, thar na seirbhísí faisnéise.

Tá an Mhacadóin Thuaidh measartha ullmhaithe go fóill i dtéarmaí **an athchóirithe atá á dhéanamh aici ar an riarachán poiblí**. Ní dhearna sí ach dul chun cinn teoranta i dtaca le moltaí na bliana anuraidh a chur chun feidhme. Ghlac sí leis an gclár nua le haghaidh athchóiriú bainistíochta airgeadais poiblí 2022-2025. Cuireadh moill, áfach, ar ghlacadh leis an reachtaíocht maidir le heagrú agus oibriú comhlachtaí riaracháin stáit agus ar an gcreat nua dlíthiúil le haghaidh bainistíocht acmhainní daonna (athbhreithniú ar an Dlí maidir le Státseirbhísigh Riaracháin agus an Dlí maidir le Fostaithe na Seirbhíse Poiblí agus Dlí nua maidir le Seirbhís na hArdBhainistíochta). Is é is aidhm don chreat nua feabhas a chur ar bhainistíocht acmhainní

daonna ar fud an riaracháin agus dearbhú níos mó a sholáthar maidir le hearcaíocht bunaithe ar fhiúntas, ardú céime agus díbirt, lena n-áirítear ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí. Glacadh leis an dlí buiséadach orgánach nua i mí Mheán Fómhair 2022. Bhí an Coimisiún Stáit um Éilliú a Chosc réamhghníomhach ag dul i ngleic le cásanna finíochais, cairdis fabhair agus tionchair pholaitiúil sa phróiseas a bhaineann le fostaithe a earcú sa tseirbhís phoiblí agus maidir le comhaltaí a cheapadh ar bhoird mhaoirseachta agus bhainistíochta.

Tá leibhéal éigin ullmhúcháin bainte amach ag **córas breithiúnach** na Macadóine Thuaidh nó tá sé measartha ullmhaithe. Rinneadh roinnt dul chun cinn i réimse na mbreithiúna, trí chur chun feidhme cobhsaí na straitéise um athchóiriú breithiúnach, rud lena ndeachthas i ngleic dá bhrí sin leis na moltaí a rinne Coimisiún na Veinéise agus Grúpa na Saineolaithe Sinsearacha maidir le saincheisteanna sistéamacha faoin smacht reachta. Tá tús curtha leis an ullmhúchán ar straitéis nua athchóirithe bhreithiúnaigh, agus é sin déanta ar bhealach ionchuimsitheach, ag tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón gceann roimhe. Leanadh de chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta a tugadh cothrom le dáta ar an straitéis athchóirithe bhreithiúnaigh ach ní mór dó a bheith níos córasaí. Léirigh na breithiúna a dtiomantas maidir lena sláine agus a neamhspleáchas a chosaint. Ní mór dlús a chur faoin luas maidir le cur chun feidhme na straitéisí acmhainní daonna do na breithiúna agus na seirbhísí ionchúisimh. Chuir institiúidí breithiúnacha na rialacha nua chun feidhme go comhsheasmhach maidir le ceapachán, ardú céime, smacht agus díbirt breitheamh agus ionchúisitheoirí. Cuireadh moill ar arduithe céime sna hard-chúirteanna agus d'fhág an líon scor sceidealaithe gur cuireadh laghdú breise ar líon na mbreitheamh agus na n-ionchúisitheoirí. Lean an Chomhairle Bhreithiúnach agus Comhairle na nIonchúisitheoirí Poiblí ag cur na bpleananna straitéiseacha chun feidhme. Ba cheart d'aon dréacht-dhlí nua ar an Acadamh um Bhreithiúna agus Ionchúisitheoirí, an tAcadamh a choinneáil ar bun mar an t-aon phointe iontrála amháin chuig na breithiúna agus ionchúiseamh agus ba cheart a áirithiú leis go mbeidh rochtain ar na gairmeacha sin cothrom agus trédhearcach. Tugadh faoi obair chun an córas bogearraí a thabhairt cothrom le dáta agus é mar aidhm forálacha an Dlí maidir le bainistíocht sreabhadh cásanna le haghaidh dáileadh uathoibríoch agus randamach ar chásanna sna cúirteanna a fheidhmiú sa chleachtas, trí chóras faisnéise bainistíochta uathoibríoch do chásanna cúirte (ACCMIS).

Rinne an tír roinnt ullmhúcháin / tá an tír measartha ullmhaithe **sa troid in aghaidh an éillithe**. Rinneadh roinnt dul chun cinn de réir mar a lean an tír ag comhdhlúthú a cuid feidhmíochta maidir le roinnt cásanna éillithe a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a thriail, lena n-áirítear cásanna ar ardleibhéal. Lean na cásanna arna dtionscnamh ag iar-Oifig an Ionchúisitheora Speisialta ag bogadh ar aghaidh, ag bunú cuntasachta do na gairis cúléisteachta neamhdhleathacha. Bhí roinnt cásanna faoi réir rialuithe céadchéime. I gcomhréir le moltaí blianta roimhe, bhí an Coimisiún Stáit um Éilliú a Chosc réamhghníomhach ag soláthar treoraíochta beartais d'institiúidí poiblí maidir le héilliú a chosc agus d'oscail sé roinnt cásanna, lena n-áirítear cásanna in aghaidh oifigigh ardleibhéil. Ba cheart aghaidh a thabhairt in iomlán ar chonclúidí a chuid tuarascálacha tráthrialta. Ba cheart leanúint d'iarrachtaí chun feabhas a chur ar fheidhmiú an Choimisiúin Stáit le leithdháileadh breise acmhainní airgeadais agus acmhainní daonna. Ba cheart breis acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais a chur ar fáil d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí, lárionaid imscrúdaitheacha agus aonaid forfheidhmiúcháin an dlí atá i gceannas ar imscrúdú a dhéanamh ar éilliú. Teastaíonn measúnuithe riosca spriocdhírithe agus gníomhaíochtaí tiomanta ó na hearnálacha is leochailí don éilliú.

Rinneadh roinnt ullmhúcháin sa Mhacadóin Thuaidh maidir leis an **troid in aghaidh na coireachta eagraithe**. Rinne sí roinnt dul chun cinn, go príomha i gcomhar oibriúcháin le comhpháirtithe idirnáisiúnta, chomh maith le feabhas a chur ar chomhordú gníomhaíochtaí chun an choireacht eagraithe a chomhrac. Caithfear tuilleadh a dhéanamh chun feabhas a chur ar éifeachtacht fhorfheidhmiú an dlí chun cineálacha áirithe coireachta a chomhrac, amhail sciúradh airgid agus coireanna airgeadais. Is gá na lárionaid imscrúdaitheacha ag Bunoifig an Ionchúisitheora Phoiblí a neartú chun go mbainfidh siad a gcuid cuspóirí amach maidir le héifeachtúlacht imscrúduithe a mhéadú agus comhordú a fheabhsú idir ionchúisitheoirí, na póilíní agus comhlachtaí ábhartha eile.

Rinneadh roinnt dul chun cinn leis an **bhfrithsceimhlitheoireacht agus antoisceachas foréigneach a chosc/chomhrac** i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sa chomhphlean gníomhaíochta frithsceimhlitheoireachta le haghaidh na mBalcán Thiar agus sna forálacha déthaobhacha cur chun feidhme. Glacadh straitéis nua maidir le sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc (2021-2023) in 2021. Ba cheart don obair leanúint ar athimeascadh agus athsóisialú fillithe chomh maith le dí-radacú i bpríosúin.

Tá an creat dlíthiúil um **chearta bunúsacha** a chosaint i gcomhréir leis na caighdeáin Eorpacha, a bheag nó a mhór. Tá an próiseas dí-institiúidithe ag déanamh dul chun cinn agus daoine faoi mhíchumas á n-athlonnú chuig cúram pobalbhunaithe. Leanann an Aireacht um Shaothar agus um Beartas Sóisialta ag infheistiú i seirbhísí pobail, lena n-áirítear tacaíocht d'íospartaigh an fhoréigin inscne-bhunaithe. Tá sé tábhachtach go háirithe forálacha uile an Dlí maidir le cosc agus cosaint ó fhoréigean in aghaidh na mban agus ó fhoréigean teaghlaigh a chur chun feidhme. Is féidir feabhsuithe leanúnacha a thabhairt faoi deara i bpríomhshruthú inscne agus meas ar chearta na mban. Ní dheachthas i ngleic go leordhóthanach leis na moltaí a rinne an Coiste Eorpach chun Céastóireacht a Chosc i dtaca leis an gcaoi a chaitear le cimithe agus le ciontaithe. Ní mór feabhas a chur ar chur chun feidhme na reachtaíochta maidir le fuathchaint agus an phlean náisiúnta gníomhaíochta le haghaidh forálacha Choinbhinsiún Iostanbúl. Ní an sásra formhaoirseachta seachtraí saoránach ar na póilíní ag feidhmiú ina iomláine fós agus níl dóthain ionadaithe aige ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

Rinneadh méid áirithe ullmhúcháin sa Mhacadóin Thuaidh/tá an tír measartha ullmhaithe maidir leis **an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh**. Tríd is tríd, rinneadh roinnt dul chun cinn teoranta le linn na tréimhse tuairiscithe chun dul i ngleic leis na moltaí roimhe. Tá an comhthéacs ginearálta fabhrach do shaoirse na meán agus leis sin bítear in ann tuairisciú criticiúil a dhéanamh sna meáin, cé go raibh roinnt teannais ann le linn thoghcháin áitiúla 2021. Ba cheart don ghníomhaíocht maidir le féinrialáil na meán tosú arís agus ba cheart torthaí praiticiúla a chruthú maidir le caighdeáin ghairmiúla iriseoireachta a chur chun cinn. Tá gá le trédhearcacht níos mó maidir leis an bhfógraíocht a dhéanfaidh institiúidí stáit agus páirtithe polaitiúla sna meáin. Ní mór do na húdaráis dlús a chur faoina gcuid iarrachtaí craoltóir na seirbhíse poiblí a athchóiriú, agus a neamhspleáchas, a chaighdeáin ghairmiúla agus a inmharthanacht airgeadais a áirithiú. Tá próiseas athchóirithe chraoltóir na seirbhíse poiblí, i gcomhréir lena straitéis forbartha 5 bliana, faoi bhac ag moilleanna maidir le comhaltaí a cheapadh ar a chomhairle clársceidealaithe. Tá comhairle na Gníomhaireachta um Sheirbhísí Meán Fuaime agus Closamhairc fós le ceapadh. Caithfear dul i ngleic le cearta saothair iriseoirí fós.

I dtaca **le comhar réigiúnach,** chothaigh an tír an dea-chaidreamh atá aici le tíortha méadaithe eile agus lean sí dá rannpháirtíocht i dtionscnaimh réigiúnacha. Ní mór comhaontuithe déthaobhacha reatha, lena n-áirítear Comhaontú Prespa idir an Mhacadóin Thuaidh agus an

Ghréig chomh maith leis an gConradh maidir le Cairdeas, Dea-chomharsanacht agus Comhar leis an mBulgáir, ní mór do gach páirtí iad a chur chun feidhme de mheon macánta.

I dtaca leis na **critéir eacnamaíocha**, rinne an Mhacadóin Thuaidh roinnt dul chun cinn agus bhain sí amach leibhéal maith ullmhúcháin i dtaobh geilleagar margaidh atá ag feidhmiú a fhorbairt. Tháinig an geilleagar chuige féin a bheag nó a mhór ó phaindéim COVID-19 in 2021. Lean an rialtas ag cur bearta tacaíochta fioscaí chun feidhme chun cuidiú leis an téarnamh. Chuidigh ioncam cánach a bhí ag teacht ar ais leis an gcás, rud a d’fhág gur thit an t-easnamh fioscach go dtí 5.4 % de OTI in 2021, agus chobhsaigh leibhéil fiachais tar éis dóibh ardú go suntasach in 2020. Leis an ardú mór ar phraghsanna bia agus fuinnimh go luath in 2022, ghlac an rialtas le sraith nua beart fioscach chun an tionchar diúltach ar an ngeilleagar a shrianadh, cé go bhféadfadh na bearta fioscacha a bheith spriocdhírithe níos fearr. Ghéaraigh an banc ceannais a sheasamh beartais i bhfianaise an bhrú méadaithe de bharr boilscithe. Cuireadh stop le hathchóirithe tábhachtacha beartais chun feabhas a chur ar rialachas fioscach agus ar inmharthanacht an airgid phoiblí. Tar éis moill fhada, ghlac an Pharlaimint le dlí nua orgánach an bhuiséid i lár mhí Mheán Fómhair, ina bhfuil foráil le haghaidh rialacha fioscacha agus comhairle fhioscach. Ní mór tuilleadh feabhais a chur ar bhainistíocht na hinfheistíochta poiblí. Bhí an earnáil baincéireachta fós ar fónamh. Cuireadh deireadh de réir a chéile in 2021 le bearta rialála chun ceanglais iasachtaíochta a éascú. Tá an timpeallacht ghnó fós á coimeád siar ag méid mór an gheilleagair neamhfhoirmiúil agus ag an dul chun cinn mall maidir le muirir pharai-fhioscacha a phríomhshruthú.

Rinneadh roinnt dul chun cinn sa Mhacadóin Thuaidh agus tá sí measartha ullmhaithe chun déileáil le brú iomaíoch agus fórsaí margaidh laistigh den Aontas Eorpach. Bhí an comhtháthú leis an Aontas i dtrádáil agus in infheistíocht fós ag leibhéal ard in 2021, in ainneoin dianghlasálacha agus in ainneoin gur cuireadh isteach ar shlabhraí soláthair sa bhaile agus i dtíortha comhpháirtíochta trádála. Tháinig méadú breise ar an sciar de tháirgí ardluacha in onnmhairí. Rinneadh breis dul chun cinn i dtreo fheabhsú na gairmoiliúna, ach is ann fós do ghanntanais ollmhóra scileanna chun freastal ar riachtanais an mhargaidh saothair, lena bhfuil aistriú fada ón scoil go dtí an obair i gceist. Tá na saincheisteanna sin, chomh maith le bearnaí móra i mbonneagar iompair agus fuinnimh, infheistíocht íseal agus caiteachas íseal ar nuálaíocht ag cur sriain ar chumas fáis na tíre. Tá digitiú an gheilleagair ag teacht chun cinn, ach d’fhéadfaí feabhas a chur ar iomaíochas gnóthaí intíre trí ríomhsheirbhísí poiblí a thairiscint ar bhonn níos leithne.

A mhéid a bhaineann lena cumas na hoibleagáidí maidir le ballraíocht a ghlacadh chuici féin, tá an Mhacadóin Thuaidh measartha ullmhaithe i bhformhór na réimsí arna gcumhdach ag **Braisle 2 maidir leis an margadh inmheánach**, eadhon saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus caipitil, maoin intleachtúil, beartas iomaíochta, seirbhísí airgeadais agus cosaint tomhaltóirí agus sláinte. Bhain an tír leibhéal maith ullmhúcháin amach maidir le dlí cuideachtaí, cé nach bhfuil sí ach ag tosú ar shaoirse gluaiseachta a bhaint amach d’oibrithe. Sa tréimhse tuairiscithe, rinne an Mhacadóin Thuaidh dul chun cinn maith ar shaorghluaiseacht caipitil agus rinne sí roinnt dul chun cinn maidir le dlí cuideachtaí agus seirbhísí airgeadais. Ní dhearnadh aon dul chun cinn ar bheartas iomaíochta. Tríd is tríd, tá gá le tuilleadh dul chun cinn sa bhliain romhainn sna réimsí arna gcumhdach ag an mbraisle seo toisc go gcuirfidh sé leis na hullmhúcháin a dhéanann an Mhacadóin Thuaidh chun ceanglais mhargadh inmheánach an Aontais a chomhlíonadh. Tá an obair ar an mbraisle seo thar a bheith ábhartha d’fhorbairt an Chómhargaidh Réigiúnaigh.

Tríd is tríd, tá an Mhacadóin Thuaidh measartha ullmhaithe i bhformhór na réimsí arna gcumhdach ag **Braisle 3 maidir le hiomaíochas agus fás ionchuimsitheach**, lena n-áirítear sa chlaochlú digiteach agus na meáin, cánachas, beartas fiontraíochta agus tionsclaíoch, oideachas agus cultúr agus beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta. Tá leibhéal maith ullmhúcháin bainte amach aici san eolaíocht agus sa taighde agus san aontas custaim. Rinneadh roinnt dul chun cinn i bhformhór na réimsí arna gcumhdach ag an mbraisle sin. Rinneadh dul chun cinn maith sa réimse a bhaineann le beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta, tar éis Dlí Orgánach an Bhuiséid a ghlacadh i mí Mheán Fómhair 2022. Tá tuilleadh iarrachtaí de dhíth, áfach, go háirithe i réimsí nár baineadh amach ach dul chun cinn teoranta, amhail claochlú digiteach agus na meáin chomh maith le hoideachas agus cultúr.

Maidir le Braisle **4 ar an gClár Oibre Glas agus nascacht inbhuanaithe**, bhain an Mhacadóin Thuaidh leibhéal maith ullmhúcháin amach i líonraí tras-Eorpacha. Tá an tír measartha ullmhaithe i dtaca le beartas iompair agus maidir le fuinneamh agus bhain sí leibhéal áirithe ullmhúcháin amach ar an gcomhshaol agus athrú aeráide. Rinneadh roinnt dul chun cinn i réimsí an chomhshaoil agus an athraithe aeráide. Tá iarrachtaí substaintiúla de dhíth sna réimsí nach ndearnadh ach dul chun cinn teoranta iontu amhail i bhfuinneamh, beartas iompair agus líonraí tras-Eorpacha. Ní mór don tír dlús a chur faoi chur chun feidhme an Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta agus an Chláir Oibre Ghlais do na Balcáin Thiar thar an tréimhse seo romhainn.

Tá an Mhacadóin Thuaidh measartha ullmhaithe i bhformhór de na réimsí i **mBraisle 5 maidir le hacmhainní, talmhaíocht agus comhtháthú**. Bhain sí leibhéal maith ullmhúcháin amach sa réimse a bhaineann le sábháilteacht bia, beartas tréidliachta agus fíteashláintíoch agus tá sí tar éis tosú ar fhorálacha airgeadais agus buiséadacha a ullmhú. Rinneadh roinnt dul chun cinn thar an tréimhse tuairiscithe i dtalmhaíocht agus i bhforbairt tuaithe agus i sábháilteacht bia, agus ar bheartas tréidliachta agus fíteashláintíoch. Tá tuilleadh iarrachtaí de dhíth, áfach, go háirithe i réimsí nach ndearnadh ach dul chun cinn teoranta iontu nó nach ndearnadh aon dul chun cinn iontu, amhail iascaigh, soláthairtí airgeadais agus buiséadacha, agus i mbeartas réigiúnach agus maidir le hionstraimí struchtúracha a chomhordú.

Maidir le **Braisle 6 ar chaidreamh seachtrach**, tá an Mhacadóin Thuaidh measartha ullmhaithe sa réimse a bhaineann le caidreamh seachtrach agus bhain sí leibhéal maith ullmhúcháin amach i dtaca leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála. Rinne an tír dul chun cinn teoranta le linn na tréimhse tuairiscithe ar chomhbheartas tráchtála. Rinne an Mhacadóin Thuaidh dul chun cinn an-mhaith trí ailíniú go hiomlán le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais, tar éis ionsaí na Rúise ar an Úcráin. Ach é sin a dhéanamh, thaispeáin an Mhacadóin Thuaidh gur féidir léi a bheith ina comhpháirtí iontaofa.

Tá an Mhacadóin Thuaidh ar cheann de na príomhbhealaí iompair fós le haghaidh gluaiseacht imirce. Tá ról tairbheach fós ag an tír i mbainistíocht **sreabha imirce measctha**. Bíonn comhoibriú éifeachtach ar bun aici le tíortha comharsanacha agus le Ballstáit an Aontais, lena n-áirítear le haoi-oifigigh ó Bhallstáit an Aontais ar an talamh. Leanadh d’iarrachtaí chun dálaí maireachtála agus seirbhísí maireachtála bunúsacha a áirithiú do gach uile imirceach a fhanann sa tír. Tá clárú imirceach agus próifíliú íogair le cosaint leordhóthanach fós ina tosaíocht agus caithfear é sin a dhéanamh ar bhealach níos córasaí. I mí Lúnasa 2022, rinne an Coimisiún idirbheartaíocht maidir le comhaontú stádais leis an Macadóin Thuaidh a ligfeadh don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) buanchóir de chuid an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imscaradh chun na tíre. Tá coinne leis go síneofar an

comhaontú roimh dheireadh na bliana. Ba cheart don tír cur chuige níos córasaí a ghlacadh maidir le smuigleáil imirceach a chomhrac.

**An Albáin**

A mhéid a bhaineann leis na critéir pholaitiúla, sa reachtas nua, de thoradh thoghcháin 2021, a reáchtáladh tar éis an chomhaontaithe traspháirtí an 5 Meitheamh 2020 ghlac na comhaltaí tofa ó na páirtithe freasúra is mó a suíocháin sa pharlaimint. Thogh an pharlaimint Uachtarán nua na Poblachta. Rinne coinbhleacht inmheánach laistigh den pháirtí freasúra ba mhó (DP), difear do shaol na parlaiminte. Maidir le hathchóirithe atá dírithe ar an Aontas Eorpach, rith an pharlaimint síneadh bunreachtúil atá teoranta ó thaobh ama de ar shainordú na gcomhlachtaí grinnfhiosraithe agus naoi gcinn de dhlíthe arb é is aidhm dóibh ailíniú a dhéanamh le *acquis*an Aontais. Choinnigh an rialtas a aird ar athchóirithe a bhaineann le cosán na tíre san Aontas agus d’atreisigh sé a struchtúr comhordúcháin le haghaidh comhtháthú an Aontais, ach ní mór dó clár oibre athchóirithe an Aontais a chur chun cinn tuilleadh, mar aon leis an bhfreasúra agus le gach cuid den tsochaí. Fágann bunú roinnt gníomhaireachtaí rialtais timpeall ar Oifig an Phríomh-Aire, nach bhfuil creat stiúrtha cuimsitheach acu agus nach bhfuil aird chórasach acu ar línte formhaoirseachta agus tuairiscithe, fágann na rudaí sin go bhfuil ceisteanna ann maidir le caighdeáin an riaracháin phoiblí. Tá straitéis nua díláraithe tar éis 2022, fós le glacadh agus beidh comhairliúchán réamhtheachtach ar an leibhéal áitiúil fíor-riachtanach. D’ainneoin feabhsuithe cistiúcháin, ní dhearnadh ach dul chun cinn teoranta maidir leis an treochlár chun timpeallacht chumasúcháin don tsochaí shibhialta a chruthú.

Tá an Albáin measartha ullmhaithe sa réimse a bhaineann le **hathchóiriú an chórais riaracháin phoiblí**. Rinne sí dul chun cinn teoranta maidir le hinniúlacht na n-aireachtaí líne a neartú i dtaca le measúnuithe tionchair rialála a chur chun feidhme agus comhairliúcháin phoiblí a thionól. Chuir sí tús leis na hullmhúcháin ar athchóiriú tuarastail agus leathnaigh leis an gcóras párolla uathoibrithe. Leanadh de chur chun feidhme athchóiriú an riaracháin phoiblí 2015-2022 agus na straitéisí don athchóiriú ar an mbainistíocht airgeadais phoiblí 2014-2022. Níl na córais TF le haghaidh pleanáil chomhtháite ag feidhmiú go hiomlán fós. Bhí comhlachtaí atá fo-ordaithe d’aireachtaí (gníomhaireachtaí) fós á gcruthú gan creat stiúrtha cuimsitheach, áfach, gan aird chórasach ar fhormhaoirseacht nó ar línte tuairiscithe soiléire. Chuir siad freisin leis an tsaincheist maidir le cúraimí arna gcur ar iontaoibh foirne a fostaíodh faoin gCód Saothair, in ionad iad siúd a chuirtear ar iontaoibh státseirbhíseach. Caithfear forálacha maidir le hearcaíocht bunaithe ar fhiúntas i ndlí na státseirbhíse a chur chun feidhme ina n-iomláine go fóill, go háirithe i bpoist shinsearacha. Lean an líon seirbhísí ar líne a soláthraíodh ag dul i méid, ach ardaíonn sé sin ceisteanna freisin maidir le rochtain chothrom a thabhairt do shaoránaigh ar scileanna digiteacha teoranta.

Shroich **córas breithiúnach** na hAlbáine leibhéal measartha ullmhúcháin. Leanadh d’athchóiriú cuimsitheach an cheartais, agus rinneadh dul chun cinn maith tríd is tríd dá bharr. Ceapadh dhá bhreitheamh nua chun na Cúirte Bunreachtúla i mí an Mhárta agus i mí Mheán Fómhair 2022, rud lenar feabhsaíodh tuilleadh cumas na cúirte a sainordú a dhéanamh. Rinneadh dul chun cinn freisin leis an Ard-Chúirt, ag a bhfuil 15 bhreitheamh ina suí anois, rud a chuir ar a cumas di an riaráiste cásanna a laghdú den chéad uair le 6 bliana, chun an cásdlí a aontú agus chun breithimh a cheapadh sa Chúirt Bhunreachtúil. Tá coinne leis go gceapfar daoine breise chun na hArd-Chúirte. Mar sin féin, fágann imeachtaí fada, ráta íseal imréitigh agus riaráiste mór cásanna

tionchar diúltach ar éifeachtúlacht an chórais bhreithiúnaigh. Chun dul i ngleic leis na fadhbanna sin, glacadh treo nua breithiúnach tar éis comhairliúcháin. Tá gá le hiarrachtaí breise chun é a chur i bhfeidhm, chomh maith le feabhas a chur ar an gcóras bainistíochta cásanna agus ar an gcóras oiliúna do ghiúistísí.

Lean an t-athmheasúnú sealadach ar gach breitheamh agus ionchúisitheoir (**an próiseas grinnfhiosrúcháin**) ag dul chun cinn go seasta. Leis an Oibriúchán Faireacháin Idirnáisiúnta leanadh de mhaoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas go neamhspleách faoi scáth an Choimisiúin Eorpaigh. Faoin 12 Meán Fómhair, bhí 554 chás céadchéime tugtha i gcrích ag na hinstitiúidí grinnfhiosrúcháin. Tharla díbirt, éirí as oifig nó foirceannadh sainordaithe giúistísí grinnfhiosraithe de thoradh thart ar 64 % de na sainchomhaid grinnfhiosrúcháin a próiseáladh go dtí seo. Ní mór do na hinstitiúidí grinnfhiosrúcháin leanúint de chásanna a chur ar aghaidh chuig na seirbhísí ionchúisimh áit a bhfuil táscairí maidir le cionta coiriúla.

Lean an **Struchtúr Speisialaithe um Fhrithéilliú agus Coireacht Eagraithe** (**SPAK**), ina gcuimsítear an Oifig Speisialta um Ionchúiseamh (SPO) agus an Biúró Náisiúnta um Imscrúdú (NBI), lena cuid oibríochtaí. Tar éis méadú ar a buiséad in 2021, tá 17 ionchúisitheoirí ag an Oifig anois, táthar i mbun earcaíochta ar ochtar imscrúdaitheoirí airgeadais agus shroich an Biúró a acmhainn oibríochtúil iomlán de 60 imscrúdaitheoir tar éis an dara babhta earcaíochta.

Rinneadh roinnt ullmhúcháin san Albáin maidir leis an **troid in aghaidh an éillithe**. Lean sí dá hiarrachtaí tógáil ar a cuntas teiste maidir le himscrúdú, ionchúisimh agus ciontuithe sa troid in aghaidh an éillithe agus bhain sí roinnt torthaí amach. Ní mór leanúint de na hiarrachtaí sin. Mar sin féin, beidh toil pholaitiúil níos mó, iarrachtaí struchtúraithe breise, agus acmhainní agus scileanna leordhóthanacha fós riachtanach. Sholáthair Cúirt SPAK roinnt cinntí críochnaitheacha tábhachtacha maidir le hoifigigh stáit ardchéime, lena n-áirítear iar-Aire Gnóthaí Baile agus iar-Ard-Ionchúisitheoir. Cé gur próiseas riaracháin é an grinnscrúdú a dhéantar ar chomhaltaí den bhreithiúnas, leanann sé ag cruthú torthaí sa chomhrac in aghaidh an éillithe laistigh den bhreithiúnas. Cruthaíodh Ard-Stiúrthóireacht Ghinearálta nua Frithéillithe san Aireacht Dlí agus Cirt. Tríd is tríd, d’ainneoin roinnt dul chun cinn, tá an t-éilliú fós ina ábhar mór imní. Is tosaíocht thábhachtach fós é líon ciontuithe críochnaitheacha na n-oifigeach ardleibhéil a mhéadú chun dul i ngleic tuilleadh le cultúr ina bhfaightear saoirse ó phionós. Teastaíonn measúnú riosca spriocdhírithe agus gníomhaíochtaí tiomanta ó na hearnálacha is leochailí don éilliú.

Rinneadh roinnt ullmhúcháin san Albáin maidir leis **an troid in aghaidh na coireachta eagraithe**. Rinne sí roinnt dul chun cinn maidir le moltaí na bliana anuraidh a chomhlíonadh. Baineadh torthaí follasacha amach de bharr an chomhair láidir agus bhisiúil le Ballstáit an Aontais, le Europol agus le Eurojust. Lean an Albáin ag léiriú tiomantais chun táirgeadh agus gáinneáil cannabais a chomhrac. Rinneadh dul chun cinn maith ar ghabháil agus coigistiú sócmhainní a bhaineann leis an gcoireacht eagraithe. Ní mór leanúint den iarracht sin sa todhchaí. Ní mór leanúint freisin d’iarrachtaí chun ionchúisimh mhéadaithe agus ciontuithe críochnaitheacha a áirithiú, go háirithe ar ardleibhéal. Comhrac na cibearchoireachta, na gáinneála ar dhaoine agus an sciúrtha airgid, is réimsí fós iad inar gá torthaí breise a bhaint amach. Is ábhar imní fós an feiniméan a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne. Rinne an tír dul chun cinn cobhsaí maidir le cur chun feidhme Phlean an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FAFT) chun feabhas a chur ar éifeachtacht sa réimse frithsciúradh airgid, ach bhí an Albáin ar an liosta de dhlínsí a bhfuil faireachán méadaithe á dhéanamh uirthi. Is gá imscrúduithe airgeadais a bheith ag gabháil le himeachtaí coiriúla go córasach. Ghlac an Albáin le **straitéis**

**frithsceimhlitheoireachta** trasearnála agus le plean gníomhaíochta náisiúnta nua i mí na Nollag 2020.

Maidir le **cearta bunúsacha**, comhlíonann an Albáin tríd is tríd ionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine agus dhaingnigh sí formhór de na coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le cosaint do chearta bunúsacha. Rinneadh roinnt dul chun cinn maidir le roghanna malartacha a úsáid i leith tréimhsí coinneála agus, go háirithe, chun an tseirbhís phromhaidh a fhorbairt, rud atá ag oibriú go hiomlán fós, lena n-áirítear le haghaidh ógchiontóirí. Ghlac an Albáin le plean gníomhaíochta nua do dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (LGBTIQ), ina n-áirítear bearta chun an t-idirdhealú a chomhrac, feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí agus an dlí aitheantais inscne dlíthiúil a cheadú agus plean gníomhaíochta náisiúnta le haghaidh comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht do Romaigh agus d'Éigiptigh. Tá gá le hiarrachtaí feabhsaithe maidir le cearta maoine a chomhdhlúthú trí shonraí cadastracha a chlárú agus a dhigitiú agus tá an earnáil fós tugtha don éilliú, ach tá stop curtha leis an bpróiseas cúitimh. Maidir le cosaint mionlach náisiúnta, ghlac an Albáin píosa nua reachtaíochta cur chun feidhme lena gcruthaítear ciste le haghaidh tionscadail na sochaí sibhialta mar thaca do chearta mionlach. Mar sin féin, tá glacadh na reachtaíochta cur chun feidhme atá fágtha, lena n-áirítear an tsaoirse chun féinaithint mar bhall de mhionlach náisiúnta agus úsáid a bhaint as teangacha mionlaigh, tá sé fós ar feitheamh. Leanadh de na hullmhúcháin le haghaidh an daonáirimh agus an áirimh tithíochta a bhfuiltear ag tnúth leo le fada, lena n-áirítear le daonáirimh phíolótacha i limistéir ina bhfuil daonra mionlaigh, ach cuireadh an daonáireamh ar athló go dtí 2023 áfach. Is gá tuilleadh gníomhaíochtaí a dhéanamh chun cosaint sonraí a neartú agus an reachtaíocht náisiúnta a ailíniú leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí an Aontais (RGCS).

Rinneadh méid áirithe ullmhúcháin san Albáin/tá an tír measartha ullmhaithe sa réimse a bhaineann leis **an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh**. Ní dhearnadh aon dul chun cinn sa tréimhse tuairiscithe. Lean an trasnú idir leasanna gnó agus leasanna polaitiúla ag cur bac ar neamhspleáchas na meán agus ar cháilíocht na hiriseoireachta. Tá bréagaisnéis lena n-áirítear feachtais chlúmhillte ag tarlú arís is arís, go háirithe sna meáin ar líne áit a gcaithfear a bhféinrialáil a áirithiú. Níl feabhas tagtha ar an atmaisféar d'ionsaithe ó bhéal, ar fheachtais chlúmhillte agus ar ghníomhaíochtaí imeaglaithe in aghaidh iriseoirí. Ní mór aon athrú ar Dhlí na Meán a bheith i gcomhréir le tuairim Choimisiún na Veinéise agus ní mór iad a chur isteach i gcomhair comhairliúcháin le heagraíochtaí na meán. Tá sé tábhachtach fós a áirithiú go mbeidh rochtain dhíreach agus thrédhearcach ag na meáin ar institiúidí rialtasacha agus ar a gcuid gníomhaíochtaí. Ní mór feabhas a chur ar fheidhmíocht rialála an Údaráis Rialála Closamhairc (AMA) agus ba cheart neamhspleáchas agus acmhainní an chraoltóra seirbhíse poiblí a neartú.

Ghlac an Albáin le straitéis nua náisiúnta atá buiséadaithe ar bhealach níos fearr maidir le **comhionannas inscne** agus leanann sí dá hiarrachtaí chun cistiú stáit leordhóthanach a áirithiú chun an straitéis a chur chun feidhme ar leibhéal láir agus áitiúil. Tá gá le hiarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh gach straitéis náisiúnta ar leibhéal láir agus áitiúil príomhshruthaithe ar bhonn inscne agus go gcaithfear an buiséad ar bhealaí lena gcuirfear inscne san áireamh. Maidir le saoránacht, ba cheart don Albáin seasamh siar ó scéim saoránachta infheisteoirí a fhorbairt (pasanna órga) toisc go gcruthódh sé rioscaí a mhéid a bhaineann le slándáil, sciúradh airgid, imghabháil cánach, maoiniú sceimhlitheoireachta, éilliú agus leathadh na coireachta eagraithe, agus ní bheadh sé comhoiriúnach le *acquis* an Aontais.

Maidir le **himirce**, tá an creat dlíthiúil maidir le himirce ailínithe a bheag nó a mhór le *acquis* an Aontais, ach ní mór é a thabhairt cothrom le dáta, agus ní mór dó creat soiléir a sholáthar chun an imirce a bhainistiú agus a chomhordú. Tháinig laghdú thart ar 15 % ar an líon imirceach neamhrialta a gabhadh san Albáin in 2021 i gcomparáid le 2020. Ní dhearnadh aon dul chun cinn maidir le cásanna a chur ar aghaidh chuig an nós imeachta tearmainn agus cur chun feidhme nósanna imeachta fillte i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil. Ba cheart beartas víosaí na hAlbáine a ailíniú le ceann an Aontais.

Tá an líon **saoránach de chuid na hAlbáine atá ag taisceadh iarrataí ar thearmann** i mBallstáit an Aontais níos ísle i gcónaí ná buaic 2015, ach tháinig méadú suntasach orthu i samhradh 2021, agus dá bhrí sin éilítear iarrachtaí leanúnacha agus inmharthana maidir leis sin. Leantar den idirphlé agus den chomhar leis na tíortha is mó a ndéantar difear dóibh, in éineacht le grinn-sheiceálacha teorann agus ardú feasachta maidir le cearta agus oibleagáidí faoin gcóras taistil gan víosa. Ba cheart don Albáin leanúint d'aghaidh a thabhairt ar an bhfeiniméan maidir le mionaoisigh neamhthionlactha. Tá an Coimisiún i mbun dlúth-fhaireacháin ar an treocht faoi chuimsiú an tsásra faireacháin um léirscaoileadh iar-víosaí.

Maidir leis na **critéir eacnamaíocha,** rinne an Albáin dul chun cinn maith agus tá sí measartha ullmhaithe i dtaobh geilleagar margaidh feidhmiúil a fhorbairt. Ba lú tionchar phaindéim COVID-19 ar an ngeilleagar, an t-easnamh buiséid agus an cóimheas fiachais phoiblí ná mar a bhí coinne leis, ach d'fhág cogadh na Rúise in aghaidh na hÚcráine gur tháinig méadú ar phraghsanna agus laghdú ar an trádáil. Tá an spás fioscach fós teoranta. Lean athchóirithe a bhain le hioncam ar aghaidh, ach tá an caiteachas infheistíochta fós lag. Lagaítear an chreidiúnacht fhioscach de bharr athbhreithnithe buiséid a dhéantar go minic. Mhéadaigh boilsciú thar mar a bhí leagtha amach dó. Chuaigh digitiú méadaithe sa tseirbhís phoiblí, cuimsiú airgeadais, agus cigireachtaí saothair chun tairbhe don timpeallacht ghnó agus don gheilleagar a chur ar bhonn foirmiúil, ach tá an geilleagar neamhfhoirmiúil fós suntasach. Tá an comhairliúchán poiblí fós lag. Rinneadh roinnt dul chun cinn san Albáin agus tá leibhéal éigin ullmhúcháin déanta aici chun dul i ngleic leis an mbrú iomaíoch agus le fórsaí margaidh laistigh den Aontas. Cuireadh feabhas ar bhonneagar fuinnimh agus iompair, ar dhigitiú agus ar oideachas, ach tá fios gnó na fiontraíochta agus na teicneolaíochta fós íseal, agus riachtanais infheistíochta i gcaipiteal daonna agus i gcaipiteal fisiceach nach bhfuil comhlíonta, agus bearnaí scileanna agus oideachais, agus caiteachas íseal ar thaighde agus forbairt. Le héagsúlú íseal onnmhairiúcháin méadaítear an leochaileacht do shuaití seachtracha. Tháinig méadú ar chomhtháthú réigiúnach agus ar onnmhairí ach bhí siad fós faoi bhun a gcumais.

Maidir le **soláthar poiblí**, tá an Albáin measartha ullmhaithe, rinne an tír dul chun cinn maith, go háirithe trí bhreis reachtaíochta cur chun feidhme a ghlacadh agus córas achomharc agus gearán leictreonach a sheoladh. Maidir le **staidreamh**, tá an Albáin measartha ullmhaithe freisin, rinneadh dul chun cinn teoranta maidir leis an ailíniú le caighdeáin ESA 2010, foilsiú agus tarchur níos tapa chuig Eurostat, ach cuireadh tuilleadh moille ar an Dlí maidir le Daonáireamh. Tá an Albáin measartha ullmhaithe i bhformhór réimsí maidir le **rialú airgeadais**, áit a bhfuil roinnt dul chun cinn déanta ag an tír, go háirithe ar rialú airgeadais inmheánach poiblí agus ar iniúchadh inmheánach.

Tá an Albáin measartha ullmhaithe i bhformhór na réimsí maidir leis an **margadh inmheánach**, go háirithe saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus caipitil, dlí cuideachtaí agus beartas iomaíochta. Tá an rud céanna fíor maidir leis an dlí ar sheirbhísí airgeadais agus maoin intleachtúil, dhá réimse ina bhfuil dul chun cinn maith déanta ag an tír a bhuí don laghdú ar

iasachtaí neamhthuillmheacha agus do ghlacadh na reachtaíochta maidir le cearta cóipchirt agus cearta maoine tionsclaíche. Rinne an Albáin roinnt dul chun cinn le dlí nua a ghlacadh maidir le heachtrannaigh chomh maith le roinnt de mholtaí thuarascáil Moneyval a chomhlíonadh. Sa réimse a bhaineann le beartas iomaíochta áfach, ní mór don údarás Státchabhrach a bheith níos neamhspleáiche agus dóthain acmhainní a bheith aige. Tá tús curtha leis na hullmhúcháin ar chosaint do thomhaltóirí agus don tsláinte, áit ina bhfuil dul chun cinn teoranta déanta ag an tír.

Tá leibhéal measartha ullmhúcháin bainte amach ag an Albáin in go leor réimsí atá nasctha le **hiomaíochas agus fás ionchuimsitheach**, go háirithe claochlú digiteach agus na meáin, cánachas, beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta, beartas fiontraíochta agus tionsclaíoch, oideachas agus cultúr. Tá an rud céanna amhlaidh maidir leis an aontas custaim, áit ina gcuirtear na rialacha tionscnaimh do limistéar uile-Eora-Mheánmhara i bhfeidhm, agus neartaítear comhlachtaí a bhíonn ag gabháil don troid in aghaidh smuigleála agus earraí góchumtha agus bíonn comhar níos fearr eatarthu. Ach glacadh le maithiúnas coiriúil agus cánach in aghaidh chomhairle an Aontais agus Moneyval, d'fhéadfaí an bonn a bhaint den dul chun cinn sa réimse sin chomh maith leis an troid in aghaidh sciúradh airgid. Tá leibhéal éigin ullmhúcháin ag an Albáin maidir le beartas sóisialta agus fostaíocht, agus maidir le taighde agus nuálaíocht. Rinne an Albáin roinnt dul chun cinn san oideachas go háirithe le glacadh na Straitéise Náisiúnta nua don Oideachas agus an Phlean Gníomhaíochta 2021-2026, ach bhí an dul chun cinn teoranta ar an mbeartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta.

A mhéid a bhaineann leis an **gClár Oibre Glas agus nascacht inbhuanaithe**, tá an Albáin measartha ullmhaithe maidir le fuinneamh, an comhshaol agus an t-athrú aeráide. Tá leibhéal éigin ullmhúcháin aici i réimsí an bheartais iompair agus líonraí tras-Eorpacha agus baineadh roinnt dul chun cinn amach maidir le líonraí iompair agus fuinnimh a fhorbairt. Rinne sí dul chun cinn maidir le cosaint shibhialta agus tá sí réidh le dul isteach sa Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta. Rinne an tír dul chun cinn teoranta i réimsí eile arna gcumhdach ag an mbraisle seo agus ní mór leanúint de na hiarrachtaí leanúnacha chun dul i ngleic le saincheisteanna maidir le Rialú Bratstát soitheach agus ailíniú na reachtaíochta. Rinneadh dul chun cinn teoranta chun ailíniú breise a dhéanamh ar *acquis* an Aontais maidir le bainistíocht uisce, ceimiceán agus coireacht chomhshaoil. Ní mór aird a dhíriú ar an tionchar atá ag infheistíochtaí straitéiseacha ar an mbithéagsúlacht agus ar chosaint an dúlra. Tá naisc shuntasacha ag an mbraisle sin agus ag na hathchóirithe lena mbaineann le Clár Athchóirithe Eacnamaíoch na hAlbáine, le Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta an Choimisiúin agus leis an gClár Oibre Glas do na Balcáin Thiar arna fhormhuiniú ag an Albáin i mí na Nollag 2020.

Tá leibhéal éigin ullmhúcháin ag an Albáin i bhformhór réimsí atá nasctha **le hacmhainní, an talmhaíocht agus comhtháthú**, go háirithe talmhaíocht agus forbairt tuaithe, sábháilteacht bia, beartas tréidliachta agus fíteashláintíoch, iascaigh, agus forálacha airgeadais agus buiséadacha. Tá sí measartha ullmhaithe a mhéid a bhaineann le beartas réigiúnach agus ionstraimí struchtúracha a chomhordú. Rinne an Albáin roinnt dul chun cinn leis an talmhaíocht agus leis an bhforbairt tuaithe, go háirithe bunú cláir feirme agus inniúlacht riaracháin níos fearr le haghaidh forbairt tuaithe. Chonacthas dul chun cinn maith maidir le hiascaigh, le hoibríochtú leanúnach an Chórais um Fhaireachán Soithí (VMS) agus leithdháileadh acmhainní daonna chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí soithí iascaireachta agus tuairisc a thabhairt orthu. Tá an Albáin mar pháirtí conarthach den Choimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (GFCM) ag cur moltaí na hiarrachta iascaireachta chun feidhme ina n-iomláine. Rinneadh roinnt dul chun cinn maidir le forálacha airgeadais agus buiséadacha. Bhí an dul chun cinn teoranta áfach ar

shábháilteacht bia, ar bheartas tréidliachta agus fíteashláintíoch, ar bheartas réigiúnach agus ar chomhordú na n-ionstraimí struchtúracha. Chuige sin, ní mór feabhas a chur ar chomhordú idirghníomhaireachta don chúnamh réamhaontachais, agus ní mór aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a mhéid a bhaineann le pleanáil straitéiseach, cur chun feidhme agus inniúlacht faireacháin na dtionscadal bonneagair faoin bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta.

Bhain an Albáin leibhéal maith ullmhúcháin amach a mhéid a bhaineann le **caidreamh seachtrach, slándáil agus cosaint eachtrach**. Maidir le cúrsaí caidreamh seachtrach sna caibidlíochtaí, rinne an Albáin roinnt dul chun cinn de réir mar a lean sí ag ailíniú na reachtaíochta sa réimse earraí dé-úsáide agus chun prótacail bhreise CEFTA a chur chun feidhme. A mhéid a bhaineann le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais, choinnigh an Albáin an t-ailíniú iomlán le gach cinneadh agus dearbhú ábhartha de chuid an Aontais, lena n-áirítear le bearta sriantacha an Aontais tar éis gníomh ionsaithe na Rúise in aghaidh na hÚcráine, gníomh gan chúis. Mar chomhalta neamh-bhuan ó Eanáir 2022, bhí an Albáin rannpháirteach i gComhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an t-ord idirnáisiúnta atá bunaithe ar rialacha, a chur chun cinn agus a chosaint.

## An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin

Maidir leis na **critéir pholaitiúla**, páirtithe atá bunaithe in institiúidí blocáilte ar leibhéal an stáit reachtúla agus institiúidí feidhmiúcháin in eintiteas *Republika Srpska* go dtí earrach 2022, as a leanann tréimhse neamhghníomhaíochta nach mór maidir le leasuithe sa tréimhse sin. D'fhan rialtas eintiteas na cónaidhme i gcumhacht go dtí deireadh a thréimhse idir 2018-2022 mar rialtas sealadach. Le linn tréimhse suntasach den tréimhse tuairiscithe, thug eintiteas *Republika Srpska* faoi dul i gceannas go haontaobhach ar inniúlachtaí an stáit (lena n-áirítear cánachas, an bhreithiúnacht, cosaint agus slándáil) agus inniúlachtaí an stáit a dhíchóimeáil, ag cur aontachas leis an Aontais na tíre i mbaol, mar a leagtar amach i dtuairim an Choimisiúin. Glacadh roinnt céimeanna reachtacha chun eintiteas *Republika Srpska* a tharraingt siar ó phríomhchomhlachtaí an Stáit agus comhlachtaí comhuaineacha a bhunú ar leibhéal an eintitis; tá na dlíthe seo ar fionraí agus faoi athbhreithniú bunreachtúil.

Ní raibh na páirtithe parlaiminte in ann teacht ar shocrú maidir le leasuithe bunreachtúla agus toghchánacha chun an Bunreacht a chur i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, ag comhlíonadh an rialú Sejdić-Finci agus na rialuithe lena mbaineann, d'ainneoin éascú na cainteanna ag an Aontas agus ag na Stáit Aontaithe. Diúltaíodh do leasuithe, maidir le feabhas a chur ar chaighdeán toghcháin, sa Pharlaimint. Tá roinnt cinntí ón gCúirt Bhunreachtúil ann nach bhfuil curtha i bhfeidhm ina iomláine go fóill. Níor ghlac Comhairle na nAirí aon chéimeanna chun clár náisiúnta a fhorbairt maidir le glacadh le *acquis* an Aontais. De bharr bacainne polaitiúla, chuir an Aireacht Airgeadais agus an Státchiste bac ar dhea-eagrú na dtoghchán i nDeireadh Fómhair 2022 trí na cistí is gá a choinneáil siar. Reáchtáladh olltoghchán ar an 2 Deireadh Fómhair; de réir réamhchinntí ón Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip/ODIHR, ar an bhforiomlán bhí siad iomaíoch agus dea-eagraithe ach bhí mímhuiníne in institiúidí poiblí ann chomh maith le reitric dheighilteach ó thaobh eitneachta de. Ar an lá céanna, chuir an tArd-ionadaí leasuithe suntasacha i bhfeidhm ar bhunreacht eintiteas na cónaidhme agus ar dhlí toghcháin de chuid na Boisnia agus na Heirseagaivéine, chun aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna feidhmiúlachta agus údaráis a fhoirmiú go tráthúil. Ní dhearnadh aon dul chun cinn maidir le timpeallacht chumasaithe don tsochaí shibhialta a áirithiú.

Mhol údaráis agus páirtithe an eintitis *Republika Srpska* seasamh neodrach maidir leis an bhfogha a thug an Rúis faoin Úcráin, ag cur in aghaidh ailíniú na tíre maidir le ráitis ón Aontas agus ag bac ar chur chun feidhme iomlán bearta sriantacha i gcoinne na Rúise. Dhaingnigh an uachtaránacht roinnt comhaontuithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear comhaontuithe maidir le IPA III, Fís Eorpach, Eoraip na Cruthaitheachta, agus Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta.

Tá an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin ar chéim luath sa phróiseas ullmhúcháin agus níl ach dul chun cinn teoranta déanta acu maidir le **hathchóiriú ar an riarachán poiblí** (PAR). Go háirithe, glacadh roinnt céimeanna dearfacha i réimse bhainistiú an airgeadais phoiblí: (i) glacadh straitéis bhainistiú an airgeadais phoiblí a bhí cuimsitheach agus ar fud na tíre, a bhfuil gá anois le hé a chur chun feidhme; (ii) chuir gach leibhéal an rialtais tús le straitéisí maidir le PFM a chur chun feidhme; (iii) chuir institiúidí stáit feabhas ar roinnt oiliúint ghairmiúil; agus (iv) agus rinne eintiteas na cónaidhme leasú ar a nósanna imeachta riaracháin. Déanann easpa comhlacht cinnteoireachta maidir le PAR a stiúradh, agus cur chun feidhme neamhleor de phlean gníomhaíochta agus d'inniúlachtaí chun clár PAR a chur chun feidhme, dochar do dhea-fheidhmitheach de Riarachán Poiblí maidir le gach leibhéal rialtais. Ní dhéantar na dlíthe státseirbhíse a chomhchuibhiú lena cheile agus le prionsabail tuillimh, cé nach bhféidir le monatóireacht a dhéanamh ar bhainistíocht acmhainní daonna aon neamhrialtachtaí a sheiceáil. I gcomhréir le príomhthéama 14 na tuairime, ní mór don tír céimeanna fíor-riachtanacha a chur i bhfeidhm maidir le hathchóiriú ar an riarachán poiblí trí sheirbhís shibhialta ghairmiúil agus dí-pholaitithe a áirithiú chomh maith le cur chuige ar fud fad na tíre maidir le ceapadh beartais, agus comhlacht cinnteoireachta maidir le PAR a stiúradh á bhunú.

Is ar chéim luath sa phróiseas ullmhúcháin atá an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin a mhéid a bhaineann lena **mbreithiúnacht**. Ní dhearnadh aon dul chun cinn sa tréimhse seo le linn na tréimhse tuairiscithe. Níor tháinig feabhas ar neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na mbreithiúna. Níor ghlac údaráis feidhmiúcháin agus reachtacha cosaintí breise. Leanann neamhréir agus discréid atá ró-leathan i gcónaí maidir le cur chun feidhme na rialacha i ndáil le ceapadh, freagracht phionósach, dul chun cinn gairme agus coinbhleacht leasa na mbreithiúna agus na n-ionchúisitheoirí. Tugadh ísliú céime do Phríomhionchúisitheoir na Boisnia agus na Heirseagaivéine agus Príomhionchúisitheoir *Republika Srpska* mar gheall ar chionta araíonachta le linn na tréimhse tuairiscithe. Dhiúltaigh an Parlaimint do na leasuithe faoi ionracas an dlí maidir le hArdchomhairle Bhreithiúnach agus Ionchúiseach (HJPC) a chruthódh córas inchreidte agus dian a fhíoraíonn na ráitis airgeadais shealbhóirí oifige na mbreithiúna. Sheol eintiteas *Republika Srpska* tionscnamh reachtach chun comhairle bhreithiúnach agus ionchúiseach a bhunú ar leithligh ar leibhéal an eintitis; má ghlactar é, sháródh sé an t-ord dlíthiúil agus bunreachtúil. Tá gá le bearta práinneacha chun muinín an phobail a mhéadú sa bhreithiúnacht agus a ionracas a neartú. Lean an easpa gealltanais polaitiúla i leith athchóiriú breithiúnach agus drochfheidhmiú an chórais bhreithiúnaigh le dochar a dhéanamh do a dhéanamh do na cearta atá ag saoránaigh agus don troid in aghaidh na héillitheachta agus na coireachta eagraithe.

Tá an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin ar chéim luath den ullmhúchán/baineadh ullmhúchán áirithe amach maidir le **héilliú agus coireacht eagraithe a chosc agus a chomhrac**. Ní dhearnadh aon dul chun cinn sa tréimhse seo le linn na tréimhse tuairiscithe. Dhiúltaigh an Pharlaimint do dhlí maidir le coinbhleacht leasa. Níor thug ceannairí polaitiúla agus institiúidí breithiúnacha aghaidh ar éilliú forleathan agus chuir siad cosc go gníomhach ar dul chun cinn, agus d'eascair moilleadóireacht fhadtéarmach agus comharthaí greamú stáit as sin. Méadaíonn an easpa dul chun cinn leantach ar gach leibhéal an riosca maidir le titim siar. Ní mór do

cheannairí polaitiúla agus institiúidí breithiúnacha an staid a leigheas go práinneach. Cé go raibh roinnt díotáil ann le linn na tréimhse tuairiscithe a bhaineann le pianbhreitheanna héilliú ardleibhéal, ar an bhforiomlán, tá an cuntas teiste maidir leis an éillitheacha a chosc agus a chur faoi chois (lena n-áirítear ag ardleibhéal) fós neamhshuntasach, i ngeall ar an neamhéifeachtúlacht oibriúcháin agus ar an gcur isteach polaitiúil. Tá easnaimh chórasacha sa chomhar oibriúcháin idir na gníomhaireachtaí um fhorfheidhmiú an dlí ag comhrac coireacht eagraithe, mar gheall ar reachtaíocht choiriúil neamh-chomhchuibhithe, comhordú institiúideach lag, agus malartú faisnéise an-teoranta. Baineann eagraíochtaí coiriúla atá ag feidhmiú sa tír leas as bealaí éalaithe dlíthiúla agus riaracháin. Tá na póilíní leochaileach do chur isteach polaitiúil. Den chuid is mó, tá imscrúduithe airgeadais agus urghabhála sócmhainne neamhéifeachtach freisin. Tá cur chuige réamhghníomhach fós lárnach le hinsíothlaithe choiriúil sna córais pholaitiúla, dlíthiúla agus eacnamaíocha a chomhrac. Tá an pointe teagmhála do chomhar le Europol fós neamhoibríochtúil; tá réamhbhearta ar siúl. Níl aon chomhar córasach le Eurojust. Is gá leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin leanúint lena n-iarrachtaí sa fhrithsceimhlitheoireacht agus le gáinneáil ar dhrugaí a chomhrac agus a n-inniúlachtaí amhlaidh a dhéanamh a mhéadú. Ní mór le dlí nua a ghlacadh go práinneach maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta i gcomhréir le *acquis* an Aontais.

Cé go bhfuil an creat dlí agus institiúideach maidir le **cearta bunúsacha** i bhfeidhm a bheag nó a mhór, Creat straitéiseach chuimsitheach. I ndáil leis sin, is céimeanna dearfacha iad glacadh na pleananna gníomhaíochta maidir le cuimsiú sóisialta na Romaigh in Aibreán 2022 agus maidir le cearta daoine LADTIA in Iúil 2022. Tá gá le hathchóirithe suntasacha le háirithiú go bhféadfadh le gach saoránach a gcearta polaitiúla a fheidhmiú agus le háirithiú oideachas neamh-idirdhealaitheach, ionchuimsitheach agus d’ardchaighdeán do chách a áirithiú, lena n-áirítear an cleachtas de “dhá scoil faoi aon dhíon amháin” a shárú. Ní dhearnadh aon dul chun cinn maidir le saoirse chun tuairim a nochtadh agus saoirse na meán agus cosaint iriseoirí a áirithiú, go háirithe trí iriseoirí a chosaint ó bhagairtí agus foréigean, agus inbhuanaitheacht airgeadais an chórais craolacháin náisiúnta a chinntiú. Leantar le dúshláin a mhéid a bhaineann le saoirse comhthionóil go háirithe in eintiteas *Republika Srpska*.

Ghlac An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin céimeanna suntasacha chun feabhas a chur ar **bainistiú imirce** . Lean an Aireacht Slándála le hiarrachtaí chun feabhas a chur ar an gcomhar le húdaráis áitiúla agus le comhar idirnáisiúnta a neartú. Déanann laigí móra dochar fós do sholáthar an chúnaimh is gá, áfach. Ní mór don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin glacadh go práinneach leis an straitéis agus plean gníomhaíochta um inimirce, dlús a chur le hiarrachtaí chun rochtain ar an tearmann a áirithiú, agus bainistiú teorainneacha a neartú.

Maidir leis na **critéir eacnamaíocha**, tá an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin fós ar chéim luath i dtaobh geilleagar margaidh feidhmiúil a bhunú. Tháinig meath breise ar chomhar agus comhordú i dtaobh an cheaptha beartas eacnamaíoch ar leibhéal an stáit agus i measc na n-eintiteas. Mar thoradh air sin, tá margadh inmheánach na tíre fós ilroinnte. Níl bearta leordhóthanacha inchreidte uile-tíre i gClár Athchóirithe Eacnamaíoch na tíre chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin eacnamaíocha struchtúracha mhóra. Baineann siad le timpeallacht an ghnó, an geilleagar neamhfhoirmiúil, fiontair phoiblí, na haistrithe glasa agus digiteacha agus dífhostaíocht. Ar an bhforiomlán, tá feidhmíochta eacnamaíche na tíre fós níos lú ná a acmhainneacht, mar gheall go bhfuil bac curtha ar cheapadh beartas ag an tsáinn pholaitiúil, dearcadh ró-ghearrthéarmach, agus easpa béime ar bheartais tráchtála chun fás a neartú.

Tá an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin ar chéim luath, maidir **lena n-acmhainn dul i ngleic le brú iomaíoch agus fórsaí margaidh laistigh den Aontas Eorpach** agus ní dhearna siad dul chun cinn suntasach sa réimse seo. D'fhan cáilíocht an oideachais íseal, ní dhearna gníomhaíocht leordhóthanach chun feabhas a chur ar bhonneagar taistil agus fuinnimh. D'fhás earnáil an iompair agus earnáil an taistil i dtéarmaí ar bhonn a dtábhacht eacnamaíoch (i dtéarmaí breisluacha) mar fhreagairt ar éileamh láidir seachtrach, agus ag an am céanna bhí tomhas na hearnála poiblí beagán níos lú de réir an tomhais céanna.

Tá an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin ar chéim luath den ullmhúchán/baineadh ullmhúchán áirithe amach maidir lena a n-acmhainneacht chun aghaidh a thabhairt ar **na hoibleagáidí a bhaineann le ballraíocht san Aontas Eorpach**. Ní mór don tír dlús a chur le hailíniú a dhéanamh le *acquis* an Aontais agus an reachtaíocht is gá a chur chun feidhme agus a forfheidhmiú. Ní dhearna idir dul chun cinn teoranta agus gan aon dul chun cinn maidir leis na caibidlí éagsúla in *acquis* an Aontais le linn na tréimhse tuairiscithe.

Tá roinnt ullmhúcháin agus roinnt dul chun cinn déanta ag an mBoisnia agus an Heirseagaivéin i réimse **an tsoláthair phoiblí** toisc go ndearnadh leasuithe arna nglacadh i Lúnasa an reachtaíocht a ailíniú a thuilleadh le *acquis* an Aontais. Is céad chéim thábhachtach í seo maidir leis na gealltanais a rinneadh ar an 12 Meitheamh agus a chuireann le haghaidh a thabhairt ar príomh-thosaíocht 7. Ní dhearnadh ach dul chun cinn teoranta maidir le **staidreamh**; níl aon dul chun cinn déanta maidir le hullmhúcháin don chéad daonáireamh eile agus leanann táirgeadh staidrimh mhaicreacnamaíoch de bheith imithe ó *acquis* an Aontais. Rinneadh roinnt dul chun cinn ar **rialú inmheánach airgeadais san earnáil phoiblí**, agus ghlac an dá eintiteas straitéisí.

Tá gá le céimeanna móra chun an creat dlíthiúil a ailíniú ar fud na tíre le *acquis* an Aontais maidir leis **an margadh inmheánach** (saorghluaiseacht earraí, oibrithe, seirbhísí agus chaipitil, dlí na gcuideachtaí, maoin intleachtúil, beartas iomaíochta, agus seirbhísí airgeadais, cosaint tomhaltóirí agus sláinte). Rinne An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin dul chun cinn teoranta nó ní dhearnadh dul chun cinn ar bith maidir leis an mbraisle sin. Cruthaíonn nósanna imeachta agus reachtaíocht atá difriúil idir na heintitis, bacainní d'iomaíochas agus fás. Ba cheart don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin cobhsaíocht airgeadais a dhaingniú trí chomhordú a fheabhsú i measc na n-údarás ábhartha agus ciste um chobhsaíocht airgeadais a bhunú mar chuid den chreat um réiteach banc. Tá an bhraisle sin ina príomhghné d'ullmhúcháin na Boisnia agus na Heirseagaivéine chun na ceanglais maidir le margadh aonair an Aontais a chomhlíonadh agus tá sé an-tábhachtach do chomhtháthú luath agus d'fhorbairt an Chómhargaidh Réigiúnaigh.

Tá dul chun cinn teoranta nó gan dul chun cinn ar bith déanta ag an mBoisnia agus an Heirseagaivéin i bhformhór de na réimsí maidir le **hiomaíochas agus fás ionchuimsitheach** (cánachas, claochlú digiteach agus na meáin, beartas sóisialta agus an fhostaíocht, beartas fiontraíochta agus tionsclaíoch, eolaíocht agus taighde, oideachas agus cultúr) agus roinnt dul chun cinn i réimse an Aontais Chustaim. Thaispeáin an tír cúlú i réimsí eile (beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta) i gcás ina bhfuil ar chéim luath nó chás ina bhfuil roinnt ullmhúcháin déanta. Tá nascanna suntasacha ag na réimsí seo le Clár Athchóirithe Eacnamaíochta na tíre. Ní mór don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin athchóirithe socheacnamaíocha a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar laigí struchtúrtha (lena n-áirítear iomaíochas íseal agus ráta dífhostaíochta atá ard), agus an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19.

Rinne an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin roinnt dul chun cinn nó dul chun cinn teoranta sa bhraisle maidir leis an **gClár Glas agus nascacht inbhuanaithe** , i gcás ina bhfuil an tír ar chéim luath maidir le fuinneamh, comhshaol agus athrú aeráide. Tá leibhéal éigin ullmhúcháin ag an tír i réimse an iompair agus na líonraí Tras-Eorpacha. Tá gá le bearta breise a ghlacadh maidir leis na bearta athchóirithe nascachta bainteacha agus chun ailíniú le rialacháin maidir leis an nGréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T) agus leis an nGréasán Tras-Eorpach Fuinnimh. Tá an t-aistriú glas agus an nascacht inbhuanaithe ríthábhachtach do chomhtháthú eacnamaíoch laistigh den réigiún agus laistigh den Aontas. Tá gá le dlús a chur faoi chur chun feidhme an Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta[3] agus an Chláir Oibre Ghlais do na Balcáin Thiar[4]. Chuir an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin feabhas suntasach ar a gcóras cosanta sibhialta agus léirigh siad gealltanas soiléir i réimse an bhainistithe tubaistí; i Mí Mheán Fómhair 2022 tháinig an tír isteach sa Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM) mar chomhalta iomlán.

Ní dhearna an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin aon dul chun cinn i réimsí **na n-acmhainní, na talmhaíochta agus an chomhtháthaithe** (talmhaíocht agus forbairt tuaithe, shábháilteacht bia, beartas tréidliachta agus fíteashláintíoch, iascaigh, agus forálacha airgeadais agus buiséadacha), i gcás ina bhfuil ullmhúcháin ar chéim luath den chuid is mó. Ní mór don tír dlús a chur lena iarrachtaí chun straitéis tar éis 2021 ar fud na tíre a ullmhú agus a ghlacadh maidir le forbairt tuaithe, a reachtaíocht maidir le sábháilteacht bia, beartas tréidliachta agus fíteashláintíoch a ailíniú agus a inniúlachtaí riaracháin a neartú. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun straitéis ar fud na tíre a ullmhú agus a ghlacadh maidir le hiascaigh agus dobharshaothrú agus chun bailiú sonraí a chomhchuibhiú. Ina theannta sin, ba cheart don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin tús a chur le straitéis ar fud na tíre a ullmhú maidir le forbairt réigiúnach.

Rinne an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin roinnt ullmhúcháin agus roinnt dul chun chinn sa bhraisle maidir le **caidreamh seachtrach**, go háirithe trí fheabhas a chur ar an méid a bhfuil siad ailínithe le ráitis comhbheartais eachtraigh agus le bearta sriantacha an Aontais, a mhéadaigh go dtí 81 % deireadh mhí Lúnasa 2022. Ní mór don tír na prótacail breise a bhaineann le Comhaontú Saorthrádála Lár na hEorpa (CEFTA) maidir le héascú trádála agus trádáil agus seirbhísí, agus glacadh le práinneach leis an bprótacal breise maidir le réiteach díospóide. Lean an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin orthu a bheith rannpháirteach go gníomhach i **gcomhar réigiúnach** agus dea-chaidreamh idir comharsana a choinneáil.

In 2021, thairbhigh an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin de EUR 73 mhilliúnfaoin **Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais 2021 – 2027 (IPA III)**, a dtugann tacaíocht do chláir i mbainistiú imirce agus teorainneacha, an próiseas toghchánach, fuinneamh, iompar, fostaíocht agus cosaint shóisialta, chomh maith le forbairt na hearnála príobháidí agus forbairt réigiúnach. Leis an gcéad sraith seo de chláir, a rinneadh a chomhlánú le braisle de chláir iltíre, cuirtear go mór le cur chun feidhme **an Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta** agus **an Chláir Oibre Ghlais do na Balcáin Thiar** a spreagadh. Is ceanglas ríthábhachtach fós é straitéisí earnála ar fud na tíre a ghlacadh don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin chun leas iomlán a bhaint as cistiúchán IPA sa todhchaí.

---

[3] COM(2020) 641 final

[4] SWD(2020) 223 final

**An Chosaiv**

D'fhorluigh an tréimhse tuairiscithe leis an gcéad bhliain iomlán a raibh rialtas faoi threoir Vetëvendosje i gcumhacht. Bhí cobhsaíocht pholaitiúil ann sa Chosaiv, agus bhí tromlach ag an rialtas sa Chomhthionól.

Lean le hatmaisféar polaitiúil scoilte agus deacrachtaí maidir le córam cinnteoireachta a bhaint amach de bheith ag cur isteach ar obair an chomhthionóil, cé go bhfuil tromlach láidir ag an rialtas. Go pointe, tá sé seo mar gheall ar dhroch-bhainistíocht den chlár oibre reachtach ag an rialtas ach mar gheall ar chomhalta an fhreasúra sa Chomhthionól (MPanna) a staon i vótaí chun bac a chur ar reachtaíocht a ghlacadh.

In 2021, ar an bhforiomlán, bhí na toghcháin bhardasacha dea-eagraithe, trédhearcach agus iomaíoch. Tá gá fós leis an bpróiseas toghchánach sa Chosaiv a neartú go suntasach chun aghaidh a thabhairt ar laigí seanbhunaithe ar fud na sraithe toghchánaí, mar a aithníodh, i mhisin bhreathnóireachta an Aontais um thoghcháin, comhleanúnacha ó 2014.

Tá cúrsaí sa Chosaiv Thuaidh fós dúshlánach, go háirithe maidir le héillitheacht, coireacht eagraithe, agus na dálaí maidir le saoirse tuairimíochta.

Rinneadh roinnt ullmhúchán maidir le hathchóiriú an riaracháin phoiblí, ach ní dhearnadh ach dul chun cinn teoranta sa réimse seo. Go háirithe, ghlacadh roinnt céimeanna dearfacha trí straitéisí uileghabhálacha a fhorbairt maidir le hathchóiriú ar an riarachán poiblí (PAR) agus maidir le bainistíocht an airgeadais phoiblí (PFM) do 2022-2026, ag glacadh reachtaíocht chun dul ar aghaidh leis an gcéad sraith de chuíchóiriú a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí poiblí agus forbairt de dhlí nua um íocaíocht a sheoladh. Ní dhearnadh ach beagán de dul chun cinn ar an gcreat reachtach reatha maidir le hathchóiriú ar an riarachán poiblí a chur chun feidhme.

Tá an Chosaiv fós ar chéim luath maidir le córas breithiúnach a fheidhmíonn go maith a fhorbairt. Cé go ndearnadh roinnt dul chun cinn, leanann foriomlán riar an chirt de bheith mall, neamhéifeachtach agus leochaileach do thionchar míchuí. Glacadh céimeanna chun tús a chur le straitéis smacht reachta agus plean gníomhaíochta a chur chun feidhme agus chun athchóiriú a dhéanamh ar an gcreat reachtach lena rialaítear an córas ionchúisimh trí leasú a dhéanamh i nDlí um Chomhairle Ionchúiseach na Cosaive. Ba cheart athchóiriú ar cheartas aghaidh a thabhairt ar an gcéad dul síos ar fheabhas a chur ar chur chun feidhme d'uirlisí atá ann cheana féin chun sláine, neamhspleáchas agus éifeachtúlacht an chórais bhreithiúnaigh a chosaint. Fáiltítear roimh ghealltanas an rialtais chun tuairim Choimisiún na Veinéise a chur chun feidhme ina iomláine maidir le doiciméad an choincheapa i ndáil le grinnscrúdú ar bhreithiúna agus ar ionchúisitheoirí, i ndlúthchomhar leis an Aontas.

Tá an Chosaiv ar chéim luath den ullmhúchán/baineadh ullmhúchán áirithe amach maidir leis an troid in aghaidh an éillithe.
Le linn an tréimhse tuairiscithe, baineadh roinnt dul chun cinn amach le glacadh reachtaíocht frith-éillithe suntasach. Tá gá le feabhas a chur ar chur chun feidhme an chreata dhlíthiúil fhoriomlán. Tá iarrachtaí leanúnacha ag teastáil chun imscrúduithe atá níos réamhghníomhaí, cinntí cúirte críochnaitheacha agus coigistiú sócmhainní críochnaitheach a bhaint amach. D'ainneoin na hiarrachtaí a rinneadh cheana féin, Tá toil láidir pholaitiúil de dhíth chun leanúint ar aghaidh le haghaidh éifeachtach a thabhairt ar rioscaí na héillitheachta córasacha agus freagairt cheartais choiriúil láidir ar an éillitheacht ardleibhéil.

Tá an Chosaiv ar chéim luath sa troid in aghaidh na coireachta eagraithe agus rinneadh dul chun cinn teoranta maidir le cásanna coireachta eagraithe a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Níl na huirlisí cumhachtacha a bheartaítear leis an gCód Coiriúil agus leis an nDlí maidir le Cumhachtaí Méadaithe Coigistíochta go hiomlán in úsáid go fóill. Rinneadh roinnt oibríochtaí rathúla lena ndíríodh ar choireacht eagraithe, ina raibh comhar idirnáisiúnta agus trasteorann. Leantar le haghaidh a thabhairt ar an gcoireacht eagraithe de bheith dúshlánach i dtuaisceart na Cosaive fós.

Rinneadh roinnt dul chun cinn leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sa Chomhphlean Gníomhaíochta Frithsceimhlitheoireachta le haghaidh na mBalcán Thiar agus sna forálacha déthaobhacha cur chun feidhme idir an tAontas Eorpach agus an Chosaiv. Ní mór d'údaráis na Cosaive a bheith níos éifeachtaí maidir lena n-iarrachtaí sa troid in aghaidh sciúradh airgid agus ba cheart an dlí is infheidhme a chur i gcomhréir le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin idirnáisiúnta. Tugtar ráthaíocht ghinearálta do chosaint chearta bunúsacha an duine faoin gcreat dlí i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha. Léirigh an Chosaiv gealltanas chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannas inscne. Ní mór níos mó a dhéanamh chun cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, lena n-áirítear an pobal Romach[5] agus Aisceailíoch, agus cearta daoine easáitithe, a chosaint, agus chun comhionannas inscne a áirithiú sa chleachtas, agus chun cosaint na hoidhreachta cultúrtha a chur chun cinn. Déanann easpa treoracha riaracháin chun an dlí maidir le cosaint leanaí a chur chun feidhme dochar do dhul chun cinn sa réimse seo. A mhéid a bhaineann le saoirse chun tuairimí a nochtadh, tá roinnt ullmhúcháin déanta ag an gCosaiv agus baineann tairbhe as timpeallacht meán atá iolraíoch anamúil. Tá ábhar imní ann go fóill maidir le feachtais chlúmhillte, bagairtí agus ionsaithe fisiciúla ar iriseoirí. Leis an easpa féin-inbhuanaitheacht airgeadais, fágtar na meáin, lena n-áirítear an craoltóir poiblí, leochaileacha do thionchar polaitiúil agus leasanna gnó.

Tá dul chun cinn fós á dhéanamh ag an gCosaiv maidir le himirce a bhainistiú. Ba cheart bainistíocht imirce agus tearmann a fheabhsú tuilleadh.

Tá an Chosaiv ar chéim luath maidir leis na critéir eacnamaíocha, agus ar chéim luath i dtaobh geilleagar margaidh atá ag feidhmiú a fhorbairt. Léirigh an geilleagar athléimneacht le linn na paindéime. Mar sin féin, leanann le dúshláin struchtúracha seanbhunaithe, amhail an geilleagar neamhfhoirmiúil forleathan, leibhéal ard éillithe, agus an smacht reachta atá lag tríd is tríd, de bheith ag cur bac ar an earnáil phríobháideach.

Cé go bhfuil an rialú cánach ar fionraí ó 2020, d'eascair méadú láidir ar ioncam cánach agus leibhéal easnaimh íseal in 2021 as an téarnamh eacnamaíoch chomh maith le gnóthachain foirmiúil. Á spreagadh ag praghsanna tráchtearraí méadaithe, tháinig méadú suntasach ar bhoilsciú. Lean an earnáil airgeadais de bheith seasmhach, agus bhí iasachtú ag leathnú go fóill. D'ainneoin freasúra polaitiúil láidir, ghlac an rialtas seasaimh a bhí stuama ó thaobh airgeadais de, maidir le pinsin um iarbhaill na bhfórsaí armtha agus Iontaobhas Coigiltis Pinsin na Cosaive.

Rinne an Chosaiv dul chun cinn teoranta agus tá sí ar chéim luath, maidir lena hacmhainn dul i ngleic le brú iomaíoch agus fórsaí margaidh laistigh den Aontas Eorpach. Ní dhearnadh ach beagán de dul chun cinn ar

[5] Meastar na grúpaí seo ar fad faoin scáth-théarma ''Na Romanaigh'' faoi chreat an Aontais do Straitéisí Lánpháirtíochta na Romach.

chaighdeán an oideachais a fheabhsú agus chun dul i ngleic le bearnaí scileanna sa mhargadh saothair. Rinne an Chosaiv roinnt dul chun cinn chun bonneagar bóthair a fheabhsú agus infheistíocht ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú, ach is ábhar imní fós an soláthar fuinnimh atá bunaithe ar ghual, as dáta agus neamhiontaofa. Tá an Chosaiv fós gan straitéis fhadtéarmach fuinnimh. Rinne an Chosaiv roinnt dul chun cinn maidir le digitiú an gheilleagair.

Maidir le dea-chaidreamh idir chomharsana agus comhar réigiúnach, lean an Chosaiv uirthi ag glacadh páirt sa chuid ba mhó de na fóraim réigiúnacha. Chothaigh an Chosaiv coinnigh an dea-chaidreamh atá aici leis an Albáin, Montainéagró agus Poblacht na Macadóine Thuaidh. Ní raibh aon athrú ar chaidreamh foirmiúil na Cosaive leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, nach n-aithníonn neamhspleáchas na Cosaive agus coinníonn an dhá tír córas víosa dian ar bun.

Lean an Idirbheartaíocht atá á éascú ag an Aontas maidir leis an gcaidreamh leis an tSeirbia a normalú, le cruinnithe míosúla tráthrialta ag leibhéal na bPríomh-Idirbheartaithe agus Cruinniú Ardleibhéal ar an 18 Lúnasa 2022. I mí an Mheithimh 2022, ghlac na páirtithe Treorchlár cur chun feidhme na Comhaontuithe maidir le Fuinneamh agus i mí Lúnasa 2022 d’aontaigh siad ar taisteal le cártaí aitheantais amháin idir an Chosaiv agus an tSeirbia. Ní mór don Chosaiv iarrachtaí níos fóintí agus níos mó a dhéanamh maidir leis na comhaontuithe roimhe seo a chur chun feidhme agus chun cuidiú níos mó le comhaontú normalúcháin atá cuimsitheach agus ceangailteach ó thaobh dlí a thabhairt i gcrích leis an tSeirbia. Tá sé ríthábhachtach teacht ar chomhaontú den chineál sin ar bhonn práinne ionas go mbeidh an tSeirbia agus an Chosaiv in ann dul chun cinn a dhéanamh ar a gconairí faoi seach chun ballraíocht san Aontas a bhaint amach.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne roinnt dul chun cinn maidir le hailíniú a dhéanamh le caighdeáin Eorpacha i ndáil le staidreamh agus rialú airgeadais, cé nár bhaineadh amach ach dul chun cinn teoranta maidir le hailíniú a dhéanamh i ndáil le soláthar poiblí. Sa chuid is mó de réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach, tá roinnt ullmhúcháin maidir le hiomaíochas déanta ag an gCosaiv. Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne an Chosaiv roinnt dul chun cinn i ngach réimse, seachas maidir le beartas tomhaltóirí agus cosaint sláinte, sa chásanna sin ní dhearnadh ach dul chun cinn teoranta.

Rinne an Chosaiv roinnt dul chun cinn maidir le hiomaíochais agus fás cuimsitheach (custaim, cánachas, beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta, claochlú digiteach agus na meáin, beartas fiontraíochta agus tionsclaíoch, beartas sóisialta agus an fhostaíocht, oideachas agus cultúr) agus dul chun cinn teoranta maidir le taighde.

Maidir leis an gClár Oibre Glas do na Balcáin Thiar agus nascacht inbhuanaithe, rinne an Chosaiv roinnt dul chun cinn maidir le réimse an iompair agus dul chun cinn teoranta maidir le réimsí an fhuinnimh, an chomhshaoil agus an athraithe aeráide. I réimse na n-acmhainní agus na talmhaíochta, rinne an Chosaiv roinnt dul chun cinn maidir le sábháilteacht bia, beartas tréidliachta agus fíteashláintíochta, ach ní dhearna sí ach dul chun cinn teoranta maidir le talmhaíocht.

Maidir le caidreamh seachtrach agus beartas trádála, rinne an Chosaiv dul chun cinn teoranta le linn na tréimhse tuairiscithe agus tá sí ar chéim luath sa phróiseas ullmhúcháin. Níor dhaingnigh

an Chosaiv fós na prótacail bhreise maidir le héascú trádála agus trádáil i seirbhísí a bhaineann le Comhaontú Saorthrádála Lár na hEorpa. Thug an Chosaiv srianta onnmhairithe isteach maidir le roinnt táirgí bia talmhaíochta gan údar ná réamhchomhairliúchán leis an gCoimisiún.

Ar an iomlán, ní mór don Chosaiv a acmhainn riaracháin agus comhardaithe a fheabhsú sna hearnálacha uile chun cur i bhfeidhm éifeachtach an *acquis* an Aontais a áirithiú.

**An Tuirc**

Tá easnaimh thromchúiseacha i bhfeidhmiú **institiúidí daonlathacha** na Tuirce. Le linn na tréimhse tuairiscithe, leanadh le cúlú daonlathach. Bhí easnaimh struchtúracha sa chóras uachtaránachta fós i bhfeidhm. Ní dheachthas i ngleic le príomh-mholtaí ó Chomhairle na hEorpa agus óna comhlachtaí go fóill sa Tuirc. Bhí an parlaimint fós gan na modhanna is gá chun an rialtas a choinneáil cuntasach. Leanadh leis an ailtireacht bunreachtúil cumhachtaí a lárú ar leibhéal na hUachtaránachta gan deighilt na gcumhachtaí idir an feidhmeannach, an tionól reachtach agus na Breithiúna atá éifeachtach á áirithiú. In éagmais aon chóras srianta agus ceartúchán éifeachtach, tá cuntasacht dhaonlathach an bhoird feidhmiúcháin fós teoranta do thoghcháin.

D’ainneoin deireadh na staide éigeandála i mí Iúil 2018, tá roinnt forálacha dlíthiúla lena dtugtar cumhachtaí urghnácha d’oifigigh rialtais agus lena gcoinnítear roinnt de na heilimintí srianta a bhaineann leis an staid éigeandála fós i bhfeidhm. Níor chríochnaigh an Coimisiún Fiosrúcháin ar an Staid Éigeandála an measúnú go fóill ar a líon cásanna i ndáil leis na fostaithe poiblí a chaill a bpoist trí dlíthe foraithne le linn tréimhse na rialach éigeandála. I mí Iúil 2021, ghlac Parlaimint na Tuirce bille a chuireann síneadh le ré de roinnt de na heilimintí srianta a bhaineann leis an staid éigeandála d’aon bhliain amháin nó níos mó.

Lean leis na breithiúna de bheith ag díriú isteach go córasach ar chomhaltaí na bpáirtithe freasúra sa Pharlaimint, i ndáil le cionta líomhnaithe a bhaineann le sceimhlitheoireacht. Tá fadhbanna fós ag baint leis an gcreat dlíthiúil maidir le toghcháin agus páirtithe polaitiúla. Laghdaíodh an tairseach thoghcháin ó 10 % go 7 %. Níor thug an Tuirc aghaidh ar na moltaí eile ó Choimisiún na Veinéise agus na hOifige um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine de chuid na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip.

Mar gheall ar bhrú ón gcomhrialtas i gcumhacht ar mhéaraí a bhaineann le páirtithe an fhreasúra, bhí an daonlathas áitiúil níos laige. Bhí imscrúduithe riaracháin agus breithiúnach ar siúl in aghaidh méaraí ó pháirtithe an fhreasúra. Bhí bac suntasach fós ar an daonlathas áitiúil in oirdheisceart na tíre. In oirdheisceart na tíre, leanadh le hiontaobhaithe a cheap an rialtas a chur in ionad na méaraí a chaill a bpoist go héigeantach.

Bhí **an cás in oirdheisceart na tíre** ina ábhar imní go fóill. I mí Dheireadh Fómhair 2021, chuir rialtas na Tuirce síneadh de dhá bhliain bhreise le sainordú an airm le hoibríochtaí frithsceimhlitheoireachta trasteorann a sheoladh sa tSiria agus san Iaráic. Lean rialtas na Tuirce ar aghaidh lena slándáil intíre agus trasteorann agus lena oibríochtaí míleata san Iaráic agus sa tSiria. Lean an cás slándála de bheith contúirteach sa limistéar teorann gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta leanúnacha a rinne Páirtí Oibrithe na Cordastáine (PKK), grúpa atá ar liosta an Aontais de dhaoine, ghrúpaí agus eintitis a ghlacann páirt i ngníomhartha sceimhlitheoireachta. Cháin an tAontas Eorpach go cinnte na hionsaí a rinne PKK agus léirigh sé dlúthpháirtíocht le teaghlaigh na n-íospartach. Tá ceart dlisteanach ag an rialtas agus tá sé de

dhualgas air an sceimhlitheoireacht a chomhrac, ach tá sé fíor-riachtanach go ndéanfaidh sé sin i gcomhréir leis an smacht reachta, le cearta an duine agus le saoirsí bunúsacha. Caithfidh bearta frithsceimhlitheoireachta a bheith comhréireach. Ní dhearnadh aon dul chun cinn maidir le próiseas síochána inchreidte polaitiúil a chur ar bun arís d'fhonn teacht ar réiteach inbhuanaithe.

Leanadh de chúlú tromchúiseach a bheith ann maidir le **saincheisteanna sochaí sibhialta**. Bhí eagraíochtaí na sochaí sibhialta faoi bhrú méadaithe agus bhí laghdú ag teacht de réir a chéile ar na deiseanna a bhí acu ó thaobh bheith ag oibriú faoi shaoirse, rud a chuir teorainn lena saoirse chun tuairimí a nochtadh, chun comhlachais agus chun comhthionóil. Cuireadh srianta breise ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta mar gheall ar chur chun feidhme an dlí maidir le cosc a chur ar mhaoiniú leata arm ollscriosta.

Níor comhdhlúthaíodh **formhaoirseacht na bhfórsaí slándála ag an tsochaí shibhialta**. Bhí cuntasacht seirbhísí míleata, póilíneachta agus faisnéise an-teoranta i gcónaí. Is gá don Pharlaimint neart a chur leis an bhformhaoirseacht a dhéanann sí ar na hinstitiúidí slándála. I mí Iúil, shín an Pharlaimint aois scoir Cheann na Foirne Ginearálta ó 67 go 72 rud a d'fhág gur féidir le sealbhóir phost Cheann na Foirne Ginearálta bliain bhreise seirbhíse a thabhairt cé go bhfuil na ceannasaithe aeir agus cabhlaigh imithe ar scor.

Rinneadh méid áirithe ullmhúcháin sa Tuirc/tá an tír measartha ullmhaithe sa réimse a bhaineann le **hathchóiriú an riaracháin phoiblí**. Níor baineadh aon dul chun cinn amach le linn na tréimhse tuairiscithe. Tá easpa cláir oibre athchóirithe chuimsithigh le haghaidh riarachán poiblí agus le haghaidh bainistíocht airgeadais phoiblí sa tír i gcónaí agus níl aon athchóiriú ar an riarachán poiblí tosaithe ag an rialtas. Ní leordhóthanach í cuntasacht an chórais riaracháin, agus is gá feabhas a chur ar an mbainistíocht a dhéantar ann ar acmhainní daonna. Tá easpa modhanna fianaisebhunaithe agus easpa sásraí rannpháirtíochta sa cheapadh beartas. Leanadh den pholaitiú atá sa chóras riaracháin. Bhí ionadaíocht na mban i bpoist bainistíochta sa státseirbhís íseal i gcónaí.

Tá **córas breithiúnach** na Tuirce ar chéim luath sa phróiseas ullmhúcháin. Le linn na tréimhse tuairiscithe leanadh den chúlú tromchúiseach atá tugtha faoi deara ó 2016 i leith. Bhí údair imní ann i gcónaí, go háirithe faoi easpa shistéamach neamhspleáchas na mbreithiúna agus faoin mbrú míchuí atá ar bhreithiúna agus ionchúisitheoirí. Méadaíodh údair imní áirithe a bhain le cibé ar chloígh na breithiúna le caighdeáin idirnáisiúnta agus Eorpacha, go háirithe i ndáil le diúltú do rialuithe ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine a chur chun feidhme. Leanadh den phlean gníomhaíochta maidir le cearta an duine 2021 agus straitéis athchóirithe breithiúna 2019 a chur chun feidhme. Níor tugadh aghaidh, áfach, in aon cheann den dá dhoiciméad, ar na heasnaimh mhóra i mbreithiúnacht na Tuirce, ná ní raibh aon phlean iontu le haghaidh feabhas sonrach a chur ar fheidhmiú foriomlán chóras breithiúnach na tíre. Níor athfhostaíodh ach 515 de na breithiúna nó ionchúisitheoirí a briseadh as a bpoist i ndiaidh na hiarrachta ar coup, d'ainneoin roinnt díobh a bheith éigiontaithe. Is údar imní i gcónaí é nach ann do chritéir le haghaidh breithiúna agus ionchúisitheoirí a earcú agus ardú céime a thabhairt dóibh, ar critéir iad a bheadh oibiachtúil, bunaithe ar fhiúntas, caighdeánaithe agus réamhbhunaithe.

Maidir leis an **troid in aghaidh an éillithe** bhí an Tuirc ar chéim luath de na hullmhúcháin i gcónaí agus níor bhain sí aon dul chun cinn amach sa tréimhse tuairiscithe. Níl aon chomhlachtaí frithéillithe curtha ar bun ag an tír i gcomhréir lena hoibleagáidí idirnáisiúnta. Is gá feabhas a chur ar an gcreat dlíthiúil agus ar an ollstruchtúr institiúideach chun tionchar polaitiúil agus míchuí ar ionchúiseamh agus ar bhreithniú cásanna éillithe a theorannú. Is gá feabhas a chur ar

chuntasacht agus ar thrédhearcacht na n-institiúidí poiblí. Toisc nach ann do straitéis frithéillithe agus plean gníomhaíochta tugadh le fios nach ann do thoilteanas i leith éilliú a throid ar bhonn cinntitheach. Níor cuireadh formhór na moltaí ón nGrúpa Stát in aghaidh na hÉillitheachta de chuid Chomhairle na hEorpa (GRECO) chun feidhme. Go foriomlán, tá éilliú á dhéanamh go forleathan agus is údar imní i gcónaí é.

Rinneadh roinnt ullmhúcháin sa Tuirc maidir leis **an troid in aghaidh na coireachta eagraithe**, ach bhí an dul chun cinn foriomlán teoranta, áfach. Níor cuireadh clabhsúr go fóill ar chomhaontú idirnáisiúnta maidir le sonraí pearsanta a mhalartú idir Europol agus údaráis na Tuirce a bhfuil freagracht orthu as coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac, ós rud é nach bhfuil reachtaíocht cosanta sonraí na Tuirce i gcomhréir le *acquis* an Aontais go fóill. Is gá feabhas a chur ar an gcreat dlíthiúil lena rialaítear an comhrac in aghaidh sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta i gcomhréir leis na moltaí ón Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF) agus leis na moltaí ó Choimisiún na Veinéise i ndáil leis an dlí maidir le cosc a chur ar mhaoiniú leata arm ollscriosta.

Leanadh den meath i **gcearta an duine agus i gcearta bunúsacha**. Tá roinnt mhaith beart a tugadh isteach le linn na staide éigeandála i bhfeidhm i gcónaí. Áirítear sa chreat dlíthiúil ráthaíochtaí ginearálta i leith urraim do chearta an duine agus cearta bunúsacha, ach is gá an reachtaíocht agus cur chun feidhme na reachtaíochta a chur i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) agus le cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECtHR). Lean Tionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa d’fhaireachán a dhéanamh ar an urraim do chearta an duine, don daonlathas agus don smacht reachta sa Tuirc. Diúltaíonn an Tuirc ar bhonn leantach rialuithe áirithe ECtHR a chur chun feidhme, go háirithe i gcás Selahattin Demirtaş agus i gcás Osman Kavala, agus is ábhar imní tromchúiseach an diúltú sin maidir leis na breithiúna a bheith ag cloí le caighdeáin idirnáisiúnta agus Eorpacha agus maidir leis an ngealltanas a thug an Tuirc an smacht reachta agus urraim do chearta bunúsacha a chur chun cinn. Ó thaobh an Tuirc a bheith ag dul i bhfán ó na caighdeáin le haghaidh chearta an duine agus saoirsí bunúsacha ar thug sí tiomantas ina leith mar chomhalta de Chomhairle na hEorpa, is tagarmharc eile é an nós imeachta um shárú a thosaigh Comhairle na hEorpa in aghaidh na Tuirce i mí Feabhra 2022 toisc nár chuir sí an breithiúnas a tugadh i gcás Kavala chun feidhme. Rialaigh an Chúirt i mí Iúil gur theip ar an Tuirc breithiúnas ECtHR 2019 maidir le cás Kavala a chur chun feidhme.

Leanadh den phlean gníomhaíochta um chearta an duine a glacadh in 2021 a chur chun feidhme, ach ní thugtar aghaidh ann ar na saincheisteanna ríthábhachtacha agus níor tháinig feabhas ar an staid fhoriomlán maidir le cearta an duine dá bharr.

Maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, leanadh den chúlú tromchúiseach atá tugtha faoi deara le blianta beaga anuas. Leanadh de shárú na gcaighdeán ECHR agus caighdeán idirnáisiúnta eile agus d’imeacht ó chásdlí ECtHR i gcur chun feidhme na ndlíthe coiriúla a bhaineann le slándáil náisiúnta agus frithsceimhlitheoireacht. Leanadh den bhonn a bhaint d’fheidhmiú na saoirse chun tuairimí a nochtadh de bharr bearta sriantacha a bheith á gcur chun feidhme ag institiúidí an stáit agus de bharr brú a bheith ag méadú de bhíthin bealaí breithiúnacha agus riaracháin. Leanadh de chásanna coiriúla a thabhairt in aghaidh iriseoirí, cosantóirí chearta an duine, dlíodóirí, scríbhneoirí, polaiteoirí freasúra, mac léinn, ealaíontóirí agus úsáideoirí na meán sóisialta agus de dhaoine mar iad a dhaoradh.

Bhí cúlú breise ann i réimse na saoirse chun comhthionóil agus comhlachais. Bhí ann do thoirmisc athfhillteacha, d'úsáid díréireach an nirt agus d'idirghabháil i léirsithe síochánta; d'imscrúduithe, do chásanna cúirte agus d'fhíneálacha riaracháin in aghaidh lucht léirsithe ar cuireadh ina leith go raibh siad páirteach i ngníomhaíochtaí a bhain le sceimhlitheoireacht nó gur sháraigh siad an dlí maidir le léirsithe agus máirseálacha.

Ní mór cearta na ngrúpaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste agus cearta daoine ar de mhionlaigh iad a chosaint ar bhealach níos fearr. Leanadh de na Romaigh a eisiamh ó obair fhoirmiúil den chuid is mó agus tháinig meath trom ar a ndálaí maireachtála. Is ábhar imní tromchúiseach i gcónaí iad an foréigean inscnebhunaithe, an t-idirdhealú, agus an fhuathchaint in aghaidh na mionlach, (go háirithe in aghaidh dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha, idirghnéasacha agus aiteacha (LGBTIQ).

Maidir le **beartas imirce agus tearmainn rinne an Tuirc roinnt dul chun cinn.** Ba é an Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc an príomhchreat i gcónaí le haghaidh comhar idir an tAontas agus an Tuirc, agus ghéaraigh rannpháirtíocht an Aontais leis an Tuirc maidir leis an imirce. Rinneadh roinnt dul chun cinn maidir le neart a chur leis an inniúlacht i leith faireachas a dhéanamh ar an teorainn talún leis an Iaráin. Leanadh de na fionraí atá ann ó mhí an Mhárta 2020 ar fhilleadh imirceach neamhrialta ó oileáin na Gréige, is é sin an filleadh a cumhdaíodh faoin Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc. In 2021, i gcomparáid le 2020, tháinig méadú ar mhéid na n-imirceach neamhrialta a bhí ag teacht isteach ó fhormhór na mbealaí. An méadú a bhí ann, d'fhéadfadh gurbh é ba chúis, go páirteach, le baint na mbeart a ghlac tíortha sa réigiún in 2020 chun an phaindéim COVID-19 a shrianadh. Cé go bhfuil laghdú tagtha ar mhéid na n-imirceach neamhrialta a thagann isteach sa Ghréig i gcomparáid leis na méideanna a tháinig isteach sular thosaigh COVID, le bliain anuas tá méadú suntasach tagtha ar theacht isteach na n-imirceach neamhrialta san Iodáil agus sna limistéir sa Chipir atá faoi rialú an rialtais agus tá bealaí nua smuigléireachta curtha ar bun. Níl na forálacha a bhaineann le náisiúnaigh tríú tír sa chomhaontú um athligean isteach idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc a tháinig i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2017 curtha chun feidhme go fóill ag an Tuirc. Tá méid na dtrasnuithe teorann neamhdhleathacha foriomlána idir an Tuirc agus an Ghréig an-íseal i gcónaí i gcomparáid leis an méid a bhí ann sular glacadh an Ráiteas idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc.

Lean an Tuirc d'iarrachtaí suntasacha a dhéanamh chun plé leis na riachtanais a bhí ag ceann de na pobail dídeanaithe ba mhó ar domhan agus chun freastal ar na riachtanais sin. Faoi mhí an Mheithimh 2022 bhí os cionn EUR 4.7 billiún eisíoctha as an mbuiséad iomlán oibriúcháin de EUR 6 billiún faoin Saoráid do Dhídeanaithe. Tá gá le bearta éifeachtúla lánpháirtithe a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar mhéid na ndídeanaithe atá i láthair sa tír ar méid atá tar éis éirí níos airde é. Bá cheart feabhas a chur ar an rochtain atá ag imircigh agus dídeanaithe ar sheirbhísí sláinte poiblí. Níor comhlíonadh aon cheanglais léirscaoilte víosaí a bhí le cur i gcrích. Is gá don Tuirc i gcónaí a cuid reachtaíochta a chur i gcomhréir le acquis *an Aontais Eorpaigh* maidir le beartas víosaí.

Bhí beartas **eachtrach aontaobhach na Tuirce** ag teacht salach i gcónaí le tosaíochtaí an Aontais faoin gcomhbheartas eachtrach agus slándála (CBES), go háirithe toisc go raibh gníomhaíocht mhíleata ar bun aici sa tSiria agus san Iaráic agus nach raibh sí ailínithe leis na bearta sriantacha a rinne an tAontas in aghaidh na Rúise. Bhí ráta ailínithe na Tuirce le staid an Aontais maidir le beartas eachtrach agus slándála an-íseal i gcónaí ag 7 % (amhail ó mhí Lúnasa 2022). Déantar dochar do rannchuidiú éifeachtach an Aontais le cur chun feidhme trádbhac arm

na Náisiún Aontaithe mar gheall ar an tacaíocht mhíleata a thug an Tuirc don Libia, lena n-áirítear trodaithe eachtracha a imscaradh ar an talamh, agus Oibríocht IRINI a cháineadh go leantach agus gan dul i mbun comhair ina leith, agus mar gheall ar an méid sin go léir is ann do chur chuige contrártha i leith na Libia. Tá an Tuirc ina gníomhaí rí-thábhachtach i gcónaí i ngéarchéim na Siria agus tá sí comhpháirteach leis an Aontas agus é de chuspóir acu go mbeidh staid na Siria cobhsaí agus go mbeidh rath uirthi. Ba shuntasach í láithreacht leantach thrúpaí na Tuirce sa réigiún, áfach, agus i bpáirteanna eile de thuaisceart na Siria. Is trí bhealaí polaitiúla agus taidhleoireachta, agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta á urramú ina iomláine, is ceart aghaidh a thabhairt ar an ábhar imní maidir le slándáil a chruthaítear don Tuirc i dtuaisceart na Siria, seachas trí ghníomhaíocht mhíleata.

D'aithin an Tuirc cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine mar staid cogaíochta agus cháin an Tuirc ionsaitheacht na Rúise. D'fhorfheidhmigh an Tuirc Coinbhinsiún Montreux, trínar teorannaíodh gluaiseacht long cogaidh dóibh siúd a bhí ag filleadh ar a mbunáiteanna. Lean cuideachtaí de chuid na Tuirce de bheith ag díol léarscáilíocht mhíleata leis an Úcráin. Bhí sé d'aidhm ag an Tuirc cainteanna idir an Úcráin agus an Rúis a éascú agus obair a éascú maidir le díghéarú agus maidir le sos cogaidh a thabhairt i gcrích. Ghabh sí tionscnamh taidhleoireachta de láimh freisin chun onnmhairiú gráin ón Úcráin a éascú; níorbh indéanta é an comhaontú ar tháinig an Úcráin agus an Rúis air in Iostanbúl an 22 Iúil, arna éascú ag na Náisiúin Aontaithe agus an Tuirc, murach an ról cuiditheach a bhí ag an Tuirc, a bhfuil baint aici freisin le cur chun feidhme an chomhaontaithe sin a éascú. Mar sin féin, ní dhearna an Tuirc í féin a ailíniú le smachtbhannaí an Aontais in aghaidh na Rúise. Tá Meabhrán Tuisceana sínithe ag an Tuirc maidir le caidreamh eacnamaíoch agus trádála a fhorbairt leis an Rúis.

I ndiaidh an díghéaraithe sa Mheánmhuir Thoir bhí an dinimic fheabhsaithe sa chaidreamh idir an tAontas agus an Tuirc i réim ar feadh roinnt míonna, rud a tugadh faoi deara ó mhí na Nollag 2020 i leith, ach thosaigh an teannas i réigiún na Mara Aeigéiche arís i mí Aibreáin 2022. In Mí na Samhna 2021, i ndiaidh don dara athbhreithniú a bheith déanta ar an gcreat le haghaidh beart sriantach, chuir an Chomhairle síneadh aon bhliain amháin leis an gcóras go dtí an 12 Samhain 2022. Tá beirt faoi réir smachtbhannaí faoi láthair. Cé nach raibh aon ghníomhaíochtaí neamhúdaraithe ar bun ag an Tuirc sa Mheánmhuir Thoir le linn na tréimhse tuairiscithe, tá ardú tagtha ar an teannas. Chuir longa cogaidh na Tuirce bac neamhdhleathach ar ghníomhaíocht suirbhé i gCrios Eacnamaíoch Eisiach na Cipire. Leanadh ar aghaidh le cleachtadh míleata ag an Tuirc i gcriosanna muirí na Cipire. D'ainneoin céimeanna aontaobhacha na Tuirce a bheith á gcáineadh ag an bpobal idirnáisiúnta, agus ag an Aontas go háirithe, lean an Tuirc dá cuid gníomhaíochtaí chun baile fálaithe Varosha sa Chipir a athoscailt tuilleadh.

Is gá don Tuirc gealltanas a thabhairt go haonchiallach i dtaca le dea-chaidreamh idir comharsana, le comhaontuithe idirnáisiúnta agus le réiteach síochánta díospóidí i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe, ag dul ar iontaoibh na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta, más gá.

Cuireadh imní dhomhain in iúl ag Comhairle Eorpach mhí an Mheithimh 2022 faoi ghníomhaíochtaí a rinne an Tuirc an athuair le gairid agus ráitis a thug sí an athuair le gairid. Mheabhraigh sí di na conclúidí uaithi roimhe sin agus ráiteas mhí an Mhárta 2021 agus chuir sí in iúl an athuair nach mór don Tuirc ceannasacht agus iomláine chríochach na mBallstát uile a urramú. Chuir sí in iúl go láidir go bhfuil an Chomhairle Eorpach ag súil leis go ndéanfaidh an Tuirc an dlí idirnáisiúnta a urramú go hiomlán, teannas a dhí-ghéarú ar mhaithe le cobhsaíocht i réigiún na Meánmhara Thoir, dea-chaidreamh a chur chun cinn idir comharsana ar bhealach

inbhuanaithe agus urramú iomlán a thabhairt don dlí idirnáisiúnta. Mheabhraigh an Chomhairle Eorpach di go minic gur chun leas straitéiseach an Aontais é réigiún na Meánmhara Thoir a bheith ina thimpeallacht chobhsaí shlán agus caidreamh comhoibritheach a bheith á fhorbairt leis an Tuirc, a bheadh chun tairbhe an dá thaobh. D'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach freisin go bhfuil sí réidh chun bheith rannpháirteach leis an Tuirc ar bhealach céimnithe, comhréireach agus inchúlaithe i roinnt réimsí leasa choitinn, faoi réir chomhlíonadh na coinníollachta a leagadh amach i gconclúidí ón gComhairle Eorpach roimhe seo ag an Tuirc, agus ar choinníoll go gcoinneofar an dí-ghéarú i réigiún na Meánmhara ar bun.

Maidir leis na **critéir eacnamaíocha,**, tá geilleagar na Tuirce **forbartha go maith,** ach ní raibh aon dul chun cinn **déanta** thar an tréimhse tuairiscithe. Is ann i gcónaí d'ábhair imní thromchúiseacha i dtaca le feidhmiú ceart gheilleagar margaidh na Tuirce toisc gur tharla cúlú maidir le gnéithe tábhachtacha, amhail beartas airgeadaíochta a chur i gcrích agus an timpeallacht institiúideach agus rialála. Tar éis ghéarchéim COVID-19 tharla téarnamh eacnamaíoch a bhí láidir go maith, d'fhás an geilleagar 11.4 % in 2021 agus breis agus 7 % sa chéad leath de 2022, d'ainneoin an mhéid a thit amach de bharr ionsaí na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Tá an lira lagaithe de bharr bheartas airgeadaíochta na tíre atá thar a bheith scaoilte agus de bharr easpa chreidiúnachta agus is é sin is cúis leis an mboilsciú oifigiúil a bheith stiúrtha chuig buaic atá breis agus 80 % níos airde ná an bhuaic a bhí ann fiche bliain ó shin. Is ann do neamhchomhordú seachtrach níos leithne anois mar gheall ar phraghsanna níos airde a bheith ar thráchtearraí allmhairithe, rud ar leochaileacht mór i gcónaí é i suíomh de neamhchinnteacht mhéadaithe agus de leibhéal íseal de chúlchistí idirnáisiúnta. D'fheidhmigh forghníomhú buiséid níos fearr ná mar a d'fheidhmigh pleananna ach méadaíodh fiachas rialtais, agus tá beartas fioscach tar éis teacht faoi bhrú céimnithe ar de thoradh iarrachtaí gan rath ar ardú boilscithe a shrianadh agus bun taca a chur faoin airgeadra intíre ualach an bhrú sin iad.

Tá an córas institiúideach agus rialála leochaileach i gcónaí, go háirithe ó thaobh intuarthacht, trédhearcacht agus cur chun feidhme rialachán de. Rinneadh roinnt céimeanna tábhachtacha chun feabhas a chur ar réiteach díospóidí tráchtála. Cé gur tháinig meath de réir a chéile ar chúrsaí, is ionann an earnáil neamhfhoirmiúil agus cionn sonrach na gníomhaíochta eacnamaíche i gcónaí. Leanann an stát d' idirghabháil a dhéanamh sna sásraí cinntí praghsanna. Ní ann do rialacha cearta cur chun feidhme le haghaidh soláthar Státchabhrach, ná le haghaidh forfheidhmiú agus trédhearcacht. Bí earnáil na baincéireachta cobhsaí den chuid is mó agus bhí an leordhóthanacht caipitil os cionn leibhéal na gceanglas rialála. Tháinig laghdú ar iasachtaí neamhthuillmheacha, agus tháinig feabhas ar bhrabúsacht, ach mhéadaigh na rioscaí dollaraithe agus cobhsaíochta airgeadais. Tháinig margadh an tsaothair slán as an bpaindéim ach is ann i gcónaí do dhúshláin struchtúracha dhomhainsuite, amhail bearna inscne an-sonrach, ráta ard dífhostaíochta i measc na n-óg agus éagothromaíochtaí móra réigiúnacha.

Tá leibhéal maith ullmhachta sa Tuirc agus is beag dul chun cinn a rinne sí le linn na tréimhse tuairiscithe maidir le forbairt a dhéanamh ar a hinniúlacht chun dul i ngleic leis an mbrú iomaíoch agus na fórsaí margaidh in Aontais. D'ainneoin roinnt dul chun cinn a bheith déanta i bhfeabhsú na gairmoiliúna, is ann i gcónaí don neamhréir idir an córas oideachais agus riachtanais mhargadh an tsaothair. Leanadh den mhéadú fíor-mhall a bhí tagtha ar chaiteachas ar thaighde agus forbairt agus bhí an caiteachas thar a bheith faoi bhun sprioc an rialtais i gcónaí. Tháinig laghdú ar an ngníomhaíocht infheistíochta sa dara leath de 2021. Leanadh de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus an sciar den fhuinneamh a ghintear ó fhoinsí inathnuaite a mhéadú. Is ábhair imní é gur cuireadh síneadh leis na cleachtais

cheanglais i leith ábhar logánta. D'ainneoin na ngealltanas a tugadh faoi Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh-na Tuirce, bhain an Tuirc cuid de na dleachtanna custaim breise a thug sí isteach; cuireann claonadh forleathan óna cuid oibleagáidí faoi Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh-na Tuirce bac ar thrádáil dhéthaobhach áfach.

Tá an Tuirc measartha ullmhaithe i réimse an **tsoláthair phoiblí** ach ní dhearna sí aon dul chun cinn le linn na tréimhse tuairiscithe agus ba ann i gcónaí do bhearnaí móra ina comhréireacht le *acquis* an Aontais. Lean an Tuirc dá cleachtais idirdhealaitheacha i leith buntáiste praghsanna intíre agus i leith fritháirimh, ar cleachtais iad lena dtugtar fabhar d'ábhar logánta. Tá an Tuirc measartha ullmhaithe i réimse an **staidrimh** agus is beag dul chun cinn a rinne sí le linn na tréimhse tuairiscithe. Tá dochar suntasach déanta do chreidiúnacht Institiúid Staidrimh na Tuirce mar gheall ar na hathruithe a rinneadh go minic ar an mbainistíocht le blianta beaga anuas inti, lena n-áirítear le linn na tréimhse tuairiscithe. Arís agus arís eile ardaíodh ceist i ndáil le hiontaofacht na bpríomhshonraí eacnamaíocha. Tá leibhéal maith ullmhachta sa Tuirc maidir le **rialú airgeadais**, cé nár baineadh aon dul chun cinn amach le linn na tréimhse tuairiscithe. Níor tugadh an páipéar um beartas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh Phoiblí cothrom le dáta go fóill agus níor athbhunaíodh líonra na seirbhíse comhordúcháin frith-chalaoise (AFCOS) go fóill.

Maidir leis **an gcumas atá aici na hoibleagáidí a ghabhann le ballraíocht a ghlacadh chuici féin** bhí comhréireacht na Tuirce le *acquis* an Aontais an-teoranta i gcónaí agus saothraíodh í ar bhun sách ad hoc.

Tá **braisle an mhargaidh inmheánaigh** an-tábhachtach i dtaobh dea-fheidhmiú Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh-na Tuirce agus i dtaobh chomhtháthú na Tuirce i margadh aonair an Aontais. Tá na hullmhúcháin i réimse na saoirse gluaiseachta d'oibrithe, i réimse an chirt bunaíochta, agus i réimse na saoirse chun seirbhísí a sholáthar ag céim an-luath, toisc go bhfuil an-chuid gairmeacha dúnta do náisiúnaigh an Aontais. Tá leibhéal maith ullmhachta bainte amach ag an Tuirc maidir le saorghluaiseacht earraí. Bhí ann do bhacainní teicniúla ar an trádáil i gcónaí. Tá an Tuirc measartha ullmhaithe maidir le saorghluaiseacht chaipitil, ach is ann do theorainneacha i gcónaí maidir le húinéireacht eachtrach agus maidir le gluaiseacht chaipitil. Is gá don Tuirc leanúint d'aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna gan réiteach sa chreat dá cuid lena rialáiltear an comhrac in aghaidh sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta.

Tá réimse dhlí na gcuideachtaí sa Tuirc feabhsaithe go maith agus is gá dul chun cinn breise a dhéanamh sa réimse sin ó thaobh comhréireacht le *acquis* an Aontais de.Tá leibhéal maith ullmhachta sa Tuirc i réimse dhlí na maoine intleachtúla ach is gá di forfheidhmiú a fheabhsú. Tá leibhéal éigin ullmhachta sa Tuirc i réimse an bheartais iomaíochta. Is ann d'ábhair imní thromchúiseacha i gcónaí maidir leis an gcreat reachtach, inniúlacht forfheidhmithe agus trédhearcacht i réimse na Státchabhrach. Tá leibhéal maith ullmhachta sa Tuirc i réimse na seirbhísí airgeadais agus rinne sí roinnt dul chun cinn, lena n-áirítear trí ionstraimí maoinithe malartacha nua a fhorbairt. Is ann do leibhéal maith ullmhachta ó thaobh ailíniú reachtach chosaint na dtomhaltóirí agus na sláinte de, agus do roinnt dul chun cinn, go háirithe maidir le comhréireacht *acquis* an Aontais de agus le neartú an chomhair idirearnála.

Laistigh den **bhraisle maidir le hiomaíochas agus fás cuimsitheach**, tá leibhéal éigin ullmhachta sa Tuirc i réimse an chlaochlaithe digitigh agus na meán, cé gur ann do chúlú i gcónaí. Tá na hullmhúcháin a rinne an Tuirc i réimse na heolaíochta agus an taighde forbartha go maith agus rinne an Tuirc dul chun cinn maith le linn na tréimhse tuairiscithe, go háirithe i gcás thabhairt i gcrích an chomhaontaithe comhlachais le haghaidh Fís Eorpach don

tréimhse 2021-2027. Tá an Tuirc measartha ullmhaithe maidir le hoideachas agus cultúr agus rinne sí roinnt dul chun cinn, go háirithe maidir le gairmoideachas, córais náisiúnta cáilíochta agus ó thaobh rannpháirtíocht na Tuirce sna cláir de chuid an Aontais de.

Maidir leis na caibidlí a bhaineann leis an eacnamaíocht, leanadh den chúlú maidir le beartas eacnamaíocha agus airgeadaíochta, rud a léiríonn go raibh an beartas maidir le cobhsaíocht praghsanna a áirithiú neamhéifeachtúil chomh maith leis an mbeartas maidir le hionchais bhoilscithe a dhaingniú. Tá an banc ceannais faoi bhrú polaitiúil sonrach i gcónaí agus is gá a neamhspleáchas feidhmiúil a athshlánú. Rinne an Tuirc dul chun cinn teoranta maidir le beartas fiontraíochta agus tionsclaíochta, agus níor tugadh aghaidh go fóill ar dhúshláin mhóra maidir le beartais atá neamhréireach le prionsabail bheartais tionsclaíochta an Aontais. Níor baineadh aon dul chun cinn amach le linn na tréimhse tuairiscithe i réimse an bheartais shóisialta agus na fostaíochta, agus is ann i gcónaí d'ábhair imní maidir le cearta ceardchumainn, le heaspa idirphlé shóisialta dhílis agus le leibhéil dhiansheasmhacha de ghníomhaíocht eacnamaíoch neamhfhoirmiúil.

Cé go bhfuil an Tuirc measartha ullmhaithe maidir le cánachas, ní dhearna sí aon dul chun cinn le linn na tréimhse tuairiscithe agus tá gá ann i gcónaí le straitéis shoiléir chun go seachnófar athruithe minice i rátaí cánach agus go cumasófar malartú faisnéise cánach le Ballstáit uile an Aontais. Tá leibhéal maith ullmhúcháin le haghaidh an aontais custam coinnithe ar bun ag an Tuirc ach rinne sí dul chun cinn teoranta, go háirithe trí roinnt dleachtanna breise a bhaint a cuireadh ar allmhairí táirgí de thionscnamh tríú tíortha. Leanann claonadh na Tuirce óna cuid oibleagáidí faoi Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh-na Tuirce i gcónaí, áfach, rud a chuireann le méid ard bacainní trádála.

I ndáil leis an **mbraisle maidir leis an gClár Oibre Glas agus nascacht inbhuanaithe**, tá an Tuirc measartha ullmhaithe ó thaobh beartas iompair de. Rinne sí dul chun cinn teoranta le linn na tréimhse tuairiscithe, rud atá nasctha go príomha le plean a ghlacadh chun úsáid iompair iarnróid a mhéadú go suntasach. Tá an Tuirc measartha ullmhaithe i réimse an fhuinnimh agus is beag dul chun cinn foriomlán a rinne sí le linn na tréimhse tuairiscithe. Leanadh de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le cur in úsáid fuinnimh inathnuaite, le hathchóiriú in earnáil an gháis nádúrtha agus le comhréireacht reachtach maidir le sábháilteacht núicléach. Tá cúrsaí forbartha go maith sa Tuirc maidir le líonraí Tras-Eorpacha agus rinne sí roinnt dul chun cinn, go príomha maidir le líonraí fuinnimh, a bhuí le hoibríocht chomhréidh na Píblíne Gáis Nádúrtha Trasanatóile. Leanadh d'iarnród Halkali-Kapikule a thógáil atá chun teorainn na Bulgáire a nascadh le hIostanbúl. Tá leibhéal éigin ullmhachta sa Tuirc i réimse an chomhshaoil agus an athraithe aeráide, ach ní dhearna sí aon dul chun cinn foriomlán le linn na tréimhse tuairiscithe. Tá dúshláin ríthábhachtacha chomhshaoil agus aeráide os comhair na Tuirce, i ndáil le maolú agus oiriúnú araon. Is gá beartais comhshaoil agus aeráide atá níos uaillmhianaí agus comhordaithe níos fearr a tharraingt suas agus a chur chun feidhme. Ní mór don Tuirc fós a rannchuidiú le Comhaontú Pháras ar athrú aeráide a mhéadú agus a chur chun feidhme agus a ailíniú leis an *acquis* maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide a thabhairt chun críche.

Maidir leis an **mbraisle a chlúdaíonn acmhainní, talmhaíocht agus comhtháthú**, bhain an Tuirc leibhéal éigin ullmhúcháin amach i réimse na talmhaíochta agus na forbartha tuaithe. Leanadh den chúlsleamhnú le linn na tréimhse tuairiscithe, toisc go bhfuil a bheartas talmhaíochta ag bogadh i gcónaí ó phríomhphrionsabail chomhbheartais talmhaíochta an Aontais agus lean an Tuirc ag cur srian ar allmhairí táirgí talmhaíochta ón Aontas. Is mór-onnmhaireoir táirgí bia chuig an Aontas é an Tuirc agus rinne sí dul chun cinn teoranta le

linn na tréimhse tuairiscithe i réimse na sábháilteachta bia, an bheartais tréidliachta agus fíteashláintíochta. Éilítear obair shuntasach bhreise chun *acquis* an Aontais a chur chun feidhme go hiomlán sa réimse seo. Tá an Tuirc measartha ullmhaithe i réimse an iascaigh agus lean sí de dhul chun cinn maith a dhéanamh, go háirithe a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme an dlí nua iascaigh, bainistíocht acmhainní agus cabhlaigh, agus cigireacht agus rialú. Tá an Tuirc measartha ullmhaithe i réimse an bheartais réigiúnaigh agus i gcomhordú ionstraimí struchtúracha agus lean sí de roinnt dul chun cinn a dhéanamh maidir le dlús a chur le hionsú cistí IPA II. Tá leibhéal éigin ullmhúcháin ag an Tuirc i réimse na bhforálacha airgeadais agus buiséadacha, ach ní dhearna sí aon dul chun cinn le linn na tréimhse tuairiscithe.

Sa **bhraisle caidrimh sheachtraigh**, tá an Tuirc measartha ullmhaithe i réimse an chaidrimh sheachtraigh agus is beag dul chun cinn a rinne sí le linn na tréimhse tuairiscithe, go háirithe mar gheall ar imeacht leanúnach ón gComhtharaif Chustaim. Lean an éagsúlacht ó Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife de chuid an Aontais, de shárú ar Aontas Custaim an Aontais-na Tuirce. Bhí cúnamh forbartha oifigiúil na Tuirce dírithe go príomha ar thacaíocht dhaonnúil do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an tSiria ar chríoch na Tuirce féin. Tá leibhéal éigin ullmhúcháin ag an Tuirc i réimse an bheartais eachtraigh, slándála agus cosanta. Ar an iomlán, bhí beartas eachtrach na Tuirce ag teacht salach i gcónaí le tosaíochtaí an Aontais faoin gcomhbheartas eachtrach agus slándála (CBES). Is ábhar imní ar leith é neamh-ailíniú na Tuirce le bearta sriantacha an Aontais in aghaidh na Rúise mar gheall ar shaorchúrsaíocht táirgí, lena n-áirítear earraí dé-úsáide, laistigh d’Aontas Custaim an Aontais-na Tuirce. Cruthaíonn sé sin baol go mbainfear an bonn de bhearta sriantacha an Aontais. Chun go leanfaidh an tAontas Custaim ag feidhmiú ní mór do na páirtithe na rialacha atá ann cheana a urramú go hiomlán agus gan an bonn a bhaint de mhuinín fhrithpháirteach.

Ar an iomlán, éilítear obair shuntasach bhreise ar ailíniú reachtach le *acquis* an Aontais i go leor réimsí. Éilítear feabhas suntasach ar chur chun feidhme agus forfheidhmiú i ngach réimse. Is éard atá rí-thábhachtach le go mbainfeadh an Tuirc tuilleadh dul chun cinn amach ná neamhspleáchas na n-údarás rialála a áirithiú agus cumas riaracháin a fhorbairt.

**Iarscríbhinn 2. Cur chun feidhme an Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta (EIP) do na Balcáin Thiar**

Ba é 2021 an chéad bhliain iomlán ar cuireadh an Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do na Balcáin Thiar chun feidhme, a glacadh an 6 Deireadh Fómhair 2020. Tá sé d'aidhm ag an bplean comhtháthú níos dlúithe agus an bhearna shocheacnamaíoch idir an réigiún agus an tAontas a dhruidim, cuidiú lena théarnamh glas agus digiteach iar-COVID agus na Balcáin Thiar a thabhairt níos gaire do mhargadh aonair an Aontais. Is é an creat ceart é freisin chun tacú leis na Balcáin Thiar agus iad ag tabhairt aghaidh ar an ngéarchéim fuinnimh agus ar iarmhairtí chogadh na Rúise san Úcráin. Díríonn sé ar infheistíochtaí suaitheanta agus ar thionscnaimh bheartais a mheaitseálann tosaíochtaí agus freagairtí beartais an Aontais. Tacaíonn sé le nascacht laistigh den réigiún agus i dtreo an Aontais maidir le fuinneamh, iompar agus geilleagar digiteach. Tacaíonn sé le forbairt na hearnála príobháidí agus caipitil dhaonna, lena n-áirítear nuálaíocht. Tá sé bunaithe ar phacáiste de EUR 9 billiún de dheontais an Aontais agus ar Shaoráid Ráthaíochta na mBalcán Thiar chun suas le 20 billiún EUR in infheistíochtaí a phlódú isteach.

Táthar ag súil go méadófar tionchar na n-infheistíochtaí sin ar gheilleagar an réigiúin le dul chun cinn inláimhsithe i gcur chun feidhme thionscadal an Chómhargaidh Réigiúnaigh agus na gClár um Athchóiriú Eacnamaíoch, chomh maith le dul chun cinn leanúnach i réimsí an smachta reachta, bainistíochta airgeadais phoiblí agus athchóiriú riaracháin phoiblí.

Déantar tosaíochtaí an CEN a chur chun feidhme trí rannpháirtíocht pholaitiúil fheabhsaithe agus idirphlé beartais sna réimsí sin, chomh maith le trí chúnamh airgeadais an Aontais níos spriocdhírithe a sholáthraítear tríd an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III). I gcomhthéacs ionsaí na Rúise in aghaidh na hÚcráine, cuireann an CEN uirlisí iomchuí ar fáil freisin chun cabhrú leis an réigiún déileáil lena thionchar eacnamaíoch, go háirithe tríd an trasdul fuinnimh a chur ar aghaidh agus trí éagsúlú níos mó ar fhoinsí fuinnimh a éascú.

Cuireadh tús le cur chun feidhme praiticiúil an phlean i mí Feabhra 2022 trí ghlacadh le EUR 1.3 billiún san iomlán i ndeontais infheistíochta faoi Chreat Infheistíochta na mBalcán Thiar (WBIF), chun 24 thionscadal infheistíochta suaitheanta a bhfuil luach infheistíochta iomlán EUR 3.3 billiún orthu a mhaoiniú[6]. Tagann sé seo sa bhreis ar EUR 100 milliún a athshlánóidh an clár réigiúnach éifeachtúlachta fuinnimh (REEP+) sna blianta atá le teacht chun ‘tonn athchóirithe an Aontais’ a leathnú chuig na Balcáin Thiar. Ghlac an Coimisiún freisin le ranníocaíocht an Aontais de EUR 560 milliún thar thréimhse seacht mbliana do chláir IPARD don Albáin, don Mhacadóin Thuaidh, do Mhontainéagró agus don tSeirbia. Tacaíonn na cláir sin le talamhghnó agus le feirmeacha ina n-aistriú glas agus digiteach agus le cur chun feidhme samhlacha níos inbhuanaithe de tháirgeadh bia mar chuid den CEN. Rannchuidíonn IPA III le cur chun feidhme an CEN le cláir dhéthaobhacha agus réigiúnacha le geilleagair uile na mBalcán Thiar.

Tá **nascacht san iompar** ag díriú ar an mbonneagar riachtanach a fhorbairt d'iompar de bhóthar, d'iarnród agus d'uiscebhealaí i gcomhréir le tosaíochtaí na Líonraí Tras-Eorpacha, agus ar uasghrádú agus glasú an bhonneagair atá ann cheana chun rannchuidiú le réitigh um shoghluaisteacht chliste i gcomhréir leis an gclár oibre Glas. Cuirtear an tosaíocht chun feidhme trí shuaitheantais 1, 2, agus 3 den CEN, ag díriú faoi seach ar nascadh thuaidh agus theas, thoir agus thiar, agus ar nascadh na réigiún cósta.

[6] https://www.wbif.eu/wbif-investments

Sa tréimhse tuairiscithe, leanadh le hobair ar gach tionscadal infheistíochta nascachta a glacadh faoin gclár oibre nascachta sna blianta roimhe seo, agus cuireadh roinnt tionscadal i gcrích, go háirithe feadh chonair bóthair na Meánmhara, an dorchla iarnróid Oirthear-An Mheánmhuir Thoir agus dhá dhroichead trasteorann (Svilaj agus Gradiska). Tá maoiniú ceadaithe freisin ag Bord Oibriúcháin Chreat Infheistíochta na mBalcán Thiar (WBIF) le haghaidh 13 thionscadal infheistíochta bonneagair iompair nua le maoiniú ón Aontas de bhreis ar EUR 1 bhilliún.

Cloch mhíle thábhachtach don réigiún is ea glacadh na gcúig phlean gníomhaíochta earnála (iarnród, bóithre, sábháilteacht ar bhóithre, éascú iompair, agus iompar ar uisce agus ilmhódúlacht) agus an straitéis um shoghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste do na Balcáin Thiar, a ullmhaíodh i gcomhordú le Rúnaíocht Bhuan Chonradh an Chomhphobail Iompair. Feidhmíonn an plean oibre rollach 5 bliana arna fhormhuiniú ag na sé chomhpháirtí mar uirlis phleanála bhreise do na bearta athchóirithe agus do na hinfheistíochtaí bonneagair a gcaithfidh an réigiún tosaíocht a thabhairt dóibh sna blianta amach romhainn.

Tá an Coimisiún, in éineacht le BEI agus EBRD, ag forbairt clár iompair atá sábháilte agus inbhuanaithe de EUR 80 milliún chun tacú le réitigh chliste agus inbhuanaithe um shoghluaisteacht trí dhícharbónú agus digitiú. Cuirfear tacaíocht ar fáil do thionscadail ar e.g. feabhas a chur ar shábháilteacht ag crosairí comhréidh, nuachóiriú na dtrasnuithe teorann roghnaithe, feabhas a chur ar chodanna bóthair ardriosca, córais chliste iompair a imscaradh, agus bonneagar breoslaí malartacha, agus bearta a bhaineann le hoiriúnú aeráide, cosaint na bithéagsúlachta agus laghdú truaillithe.

Tar éis ‘lánaí glasa’ a thabhairt isteach go rathúil laistigh den réigiún le linn tráth na paindéime COVID-19, tá obair ar bun ar lánaí glasa a phíolótú freisin idir na Balcáin Thiar agus an tAontas Eorpach mar chuid de na bearta éascaithe iompair. Sa chleachtas, bíonn amanna feithimh níos giorra ag pointí trasnaithe mar thoradh ar lánaí glasa, mar aon le simpliú iniúchtaí agus laghdú foirmiúlachtaí agus costais. Síníodh Meabhrán Tuisceana maidir le lána glas feidhme a bhunú idir an Mhacadóin Thuaidh agus an Ghréig an 7 Iúil 2022.

Tá obair ar bun freisin maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar an ngréasán TEN-T sna Balcáin Thiar, ar dócha go dtabharfar chun críche é ag deireadh 2022, d'fhonn liosta na gcroíghréasán iompair agus na ngréasán cuimsitheach iompair a thabhairt cothrom le dáta.

I dtéarmaí na gceangaltas airgeadais faoi chláir dhéthaobhacha agus iltíre IPA 2021, gealladh EUR 350 milliún san iomlán don iompar agus don tsoghluaisteacht chliste.

Tacaíonn trí thionscadal suaitheanta le **nascacht agus trasdul fuinnimh**, a bhaineann le hinfheistíocht i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite, an ‘tonn athchóirithe’ éifeachtúlachta fuinnimh, agus éascú an aistrithe ó ghual. Tacaítear freisin le slándáil fuinnimh agus le héagsúlú an tsoláthair i gcomhthéacs an chogaidh leanúnach san Úcráin.

Sa tréimhse tuairiscithe, formheasadh sé thionscadal fuinnimh in-athnuaite le maoiniú faoi Chreat Infheistíochta na mBalcán Thiar (WBIF), lena n-áirítear athshlánú gléasra hidreachumhachta Fierza san Albáin, trí thionscadal gléasra cumhachta gréine sa Mhacadóin Thuaidh agus san Albáin, agus tionscadal méadraithe cliste sa chóras dáileacháin leictreachais sa tSeirbia. Leithdháileadh maoiniú freisin chun teascán den chonair leictreachais Tras-Balcán a thógáil.

D’fhonn foinsí fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus tacú le dul chun cinn maidir le hathchóiriú foirgneamh poiblí agus príobháideach, d’athshlánaigh an

Coimisiún an clár réigiúnach éifeachtúlachta fuinnimh faoi EUR 100 milliún, agus déanfar comhaontú cur chun feidhme a shíniú leis an mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (EBRD) agus KfW faoi dheireadh 2022. Ba thuairim dhearfach a fuair maoiniú le haghaidh saoráide tiomnaithe ráthaíochta do thionscadail a bhaineann go príomha le héifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite de EUR 45 milliún ó Bhord Oibriúcháin Chreat Infheistíochta na mBalcán Thiar (WBIF) i mí Aibreáin 2022.

Faoin gConradh um Chomhphobal Fuinnimh, faoi dheireadh 2022 beidh ar na Balcáin Thiar gealltanas a thabhairt do spriocanna dícharbónaithe faoi 2030. Ar an mbonn sin, forbróidh siad straitéisí ansin chun iad a bhaint amach trí phleananna aonair comhtháite fuinnimh agus aeráide. Beidh an t-aistriú ó ghual sa réigiún, a bhfuil an chuid is mó den limistéar ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise, ina dhúshlán mór socheacnamaíoch. Dá bhrí sin, tá an Coimisiún ag tacú le bunú agus oibriú ardán comhair le haghaidh réigiúin ghuail atá i mbun trasdula sna Balcáin Thiar agus san Úcráin, rud a dhéanann aithris ar thionscnamh comhchosúil de chuid an Aontais. Tá sraith iomlán de mhalartuithe déthaobhacha déanta cheana féin le réigiúin an Aontais, agus tá cinn eile á bpleanáil. Tá comhdháil iomlánach den ardán beartaithe do dheireadh 2022.

I dtéarmaí gealltanas airgeadais faoi chláreagrú IPA 2021, tá EUR 114 milliún geallta ag an gCoimisiún do thionscadail fuinnimh ghlain ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal déthaobhach araon.

Tacaíonn**an t-aistriú digiteach** leis an réigiún ina chlaochlú digiteach – trí chúnamh teicniúil agus trí infheistíocht. Díríonn sé ar na hathchóirithe rialála a chabhródh le margadh na seirbhísí digiteacha a fhorbairt, agus ar infheistíocht i réitigh dhigiteacha nuálacha agus i mbonneagar digiteach a chur chun cinn. Sa ghné dheireanach, tacaíonn tionscadal suaitheanta 8 de CEN (bonneagar digiteach) leis an tosaíocht.

I dtéarmaí athchóirithe ar an gcreat dlíthiúil, coinníonn an Coimisiún idirphlé rialála bliantúil ar bun leis an réigiún maidir le beartas digiteach agus tacaíonn sé le cruinnithe mullaigh digiteacha ardleibhéil bhliantúla sna Balcáin Thiar. Shínigh na sé gheilleagar an **Dearbhú do Thodhchaí an Idirlín** an 28 Aibreán 2022[7]. Is 60+ comhpháirtí idirnáisiúnta a shínigh an dearbhú go dtí seo agus leagtar amach ann fís agus prionsabail maidir le hIdirlíon iontaofa. Tá an réigiún bainteach go hiomlán le hobair Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach freisin. Bhí an Coimisiún, in éineacht leis an gComhairle um Chomhar Réigiúnach, ríthábhachtach maidir le comhaontú fánaíochta réigiúnach a dhaingniú, rud a thug scéim ‘fánaíocht ar tháillí baile’ chun cinn sa réigiún ón 1 Iúil 2021. Tar éis plean oibre a bhunú maidir le laghdú de réir a chéile ar tháillí fánaíochta idir an réigiún agus an tAontas Eorpach in 2021, tá caibidlíocht ar siúl faoi láthair leis na Balcáin Thiar agus le hoibreoirí teileachumarsáide an Aontais chun laghdú deonach a dhéanamh ar na táillí sin, agus d’fhéadfaí an chéad laghdú a dhéanamh ag tosú in 2023.

Ag an am céanna, tá forbairt réitigh dhigiteacha nua á gcur chun cinn ag an Aontas i ngnéithe éagsúla de gheilleagar na mBalcán Thiar, lena n-áirítear iompar, fuinneamh, lóistíocht, rialtas, tráchtáil, etc. Tionscnamh tábhachtach a chuireann réitigh den sórt sin chun cinn is ea an Balcatón bliantúil, a bhronnann tionscadail nuálacha aistrithe digiteacha. Tá an tAontas Eorpach ag tacú le scileanna digiteacha a fhorbairt i measc shochaithe an réigiúin chomh maith. Tá measúnú bearna scileanna digiteacha do na sé gheilleagar ar fad á chur i gcrích faoi láthair.

[7] An Dearbhú do Thodhchaí an Idirlín | Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú (europa.eu)

Tacaíonn Creat Infheistíochta na mBalcán Thiar (WBIF) le roinnt staidéar féidearthachta agus infheistíochtaí sa réimse digiteach. I mí Feabhra 2022, críochnaíodh staidéar féidearthachta maidir le forbairt leathanbhanda i Montainéagró, agus seoladh dhá thionscadal nua: deontas infheistíochta don tSeirbia le haghaidh rolladh amach leathanbhanda faoin tuath agus deontas cúnaimh theicniúil don Albáin le haghaidh staidéar féidearthachta ar ríomhaireacht ardfheidhmíochta a bhunú do shonraí institiúidí rialtais.

Is gné thábhachtach den CEN fós í an chibearshlándáil. Tá measúnú riachtanas cibearshlándála tugtha chun críche don réigiún agus tá sraith imeachtaí cúnaimh theicniúil á reáchtáil tríd an ionstraim TAIEX, ag ullmhú le haghaidh cibeartheagmhas. Tá leithdháiltí breise á mbreithniú chun na críche sin faoi ionstraimí éagsúla an Choimisiúin.

San iomlán, faoi chláir dhéthaobhacha agus il-tíre IPA 2021, gheall an Coimisiún breis is EUR 50 milliún do thionscadail trasdula digiteacha, a bhfuiltear ag súil go n-éireoidh leo infheistíocht shuntasach ó IFIanna agus ó fhoinsí príobháideacha a ghiaráil.

**Tacaítear freisin le tosaíochtaí an CEN maidir le hiompar, fuinneamh agus an réimse digiteach leis an gClár Oibre Glas do na Balcáin Thiar[8]**. Glacadh é sin in éineacht leis an CEN agus d'fhormhuinigh ceannairí na mBalcán Thiar é trí Dhearbhú Sóifia maidir leis an gClár Oibre Glas i mí na Samhna 2020. Tá an clár oibre 5 cholún ag brath ar athchóirithe rialála sa réigiún chun é a ailíniú le huaillmhianta an chomhaontaithe ghlais Eorpaigh, chomh maith le hinfheistíochtaí a bhaineann le bainistiú dramhaíola agus fuíolluisce, trasdul fuinnimh agus iompar inbhuanaithe. Cabhraíonn na chéad 7 gcinn as 10 gcinn de thionscadail shuaitheantais an CEN, a bhaineann le hiompar, aistriú fuinnimh agus bainistíocht dramhaíola agus fuíolluisce, le cur i bhfeidhm an chláir oibre.

Sa tréimhse tuairiscithe, chuir an réigiún plean gníomhaíochta mionsonraithe le chéile, le cúnamh ón gComhairle um Chomhar Réigiúnach (RCC), chun an clár oibre a chur chun feidhme, rud a d'fhormhuinigh ceannairí na mBalcán Thiar ag an cruinniú mullaigh in Brdo i mí Dheireadh Fómhair 2021. Cé go bhfuil ról lárnach ag an RCC i gcónaí i gcomhordú tionscnamh réigiúnach faoin gClár Oibre Glas, chuir an Coimisiún clár réigiúnach EUR 11 mhilliún EU4Green i gcrích le Gníomhaireacht Chomhshaoil na hOstaire chun cabhrú le gach comhpháirtí sa réigiún oibriú ar a gcuid straitéisí agus athchóirithe féin. Seoladh an clár go luath in 2022.

I bpacáiste infheistíochtaí Chreat Infheistíochta na mBalcán Thiar d'Fheabhra 2022, d'fhormheas an Coimisiún maoiniú dhá thionscadal a bhaineann go díreach leis an gclár oibre maidir le gléasraí cóireála fuíolluisce Podgorica agus Skopje (sa bhreis ar na cúig thionscadal trasdula fuinnimh a phléitear thíos). Cuireann na tionscadail seo tús le cur chun feidhme thionscadal suaitheantais 7 den CEN: bainistiú dramhaíola agus fuíolluisce.

Tá obair ar siúl faoi láthair ar mhapáil a dhéanamh ar gach idirghabháil phleanáilte agus leanúnach a bhaineann leis an gClár Oibre Glas sa réigiún, agus ar uirlis mhonatóireachta a fhorbairt dá chur i bhfeidhm. Tá ullmhú ionstraimí réigiúnacha ar bhonneagar glas agus ar chosc ar thruailliú plaisteach agus ar bhruscar muirí ar na bacáin freisin. Ag druidim le deireadh 2022, tabharfar cuireadh do na comhpháirtithe a spriocanna dícharbóinithe a fhógairt laistigh den Chomhphobal Fuinnimh agus ina dhiaidh sin iad a léiriú sna pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide.

[8] SWD(2020) 223 final

I dtéarmaí na gceangaltas airgeadais faoi chláreagrú IPA III 2021, bhí EUR 165 milliún san iomlán geallta chun tacú le cur chun feidhme an Chláir Oibre Ghlais i dtionscadail dhéthaobhacha agus iltíre.

**Cuirtear tacú leis an earnáil phríobháideach** chun feidhme trí thionscadal suaitheantais 9 den CEN, ag díriú ar mhaoiniú spriocdhírithe trí shaoráid thiomanta ráthaíochta do FBManna chun gnólachtaí a thosú, chun a bheith nuálach agus chun a bheith iomaíoch. Cuirtear tacaíocht chomhchosúil ar fáil freisin do ghnólachtaí talmhaíochta tuaithe tríd an ionstraim IPARD.

Tá cruthú dálaí iomchuí d'fhorbairt agus d'fhás na hearnála príobháidí, go háirithe FBManna, i gcroílár an idirphlé maidir le beartas eacnamaíoch a thionóltar gach bliain le comhpháirtithe na mBalcán Thiar trí bhíthin cleachtadh na gClár Athchóirithe Eacnamaíoch (ERP) agus na moltaí beartais eacnamaíoch a thagann as. Nuashonraíodh an próiseas sa tréimhse tuairiscithe chun tosaíochtaí CEN a léiriú níos fearr chomh maith leis na dúshláin tar éis ghéarchéim COVID-19 agus tionchar na n-imeachtaí geopholaitiúla a tharla le déanaí. Cuirtear bonn eolais faoin idirphlé beartais freisin trí fhoilseachán Innéacs Beartais do FBManna de chuid ECFE, arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach in 2022.

Déantar an tacaíocht don earnáil phríobháideach, atá dírithe go háirithe ar an nuálaíocht a chothú agus ar an dé-aistriú glas agus digiteach a atreisiú, a sheachadadh trí scéimeanna tiomnaithe ráthaíochta a ullmhaíodh in 2021/2022 mar obair leantach ar an sleabhcadh eacnamaíoch de bharr thionchar COVID-19. Dhá shampla de ráthaíochtaí den sórt sin is ea an tsaoráid Growth4All agus an tSaoráid Talmhaíochta Roinnte Riosca. Thairis sin, d'fhormheas an Coimisiún pacáiste EUR 40 milliún do chumasc airgeadais do thionscadail nuálacha na hearnála príobháidí i réimsí amhail an t-aistriú glas agus cuimsiú sóisialta.

Tá an Coimisiún ag tacú freisin le feidhmiú an Fhóraim Infheistíochta Comhlachais WB6 chun leasanna eacnamaíocha an réigiúin a chur chun cinn laistigh agus lasmuigh de na Balcáin Thiar. Tá an clár forbartha soláthraithe réigiúnach nua á mhaoiniú go háirithe aige, a bhfuil sé mar aidhm aige cruthú naisc/deiseanna do sholáthróirí intíre a éascú.

